


# Achoimre Feidhmiúcháin ar an Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh



Máirt 2016



---

## **Liosta na nImleabhar**

### **Achoimre Feidhmiúcháin**

Imleabhar 1A- An Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh – Cuid 1

Imleabhar 1B- An Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh – Cuid 2

Imleabhar 2 - Fíoracha

Imleabhar 3A – Agusíní – Cuid 1

Imleabhar 3B – Agusíní – Cuid 2

Imleabhar 3C – Agusíní – Cuid 3

Imleabhar 3D – Agusíní – Cuid 4

# Clár na nÁbhar

---

<b>1</b>	<b>Réamhrá</b>	<b>4</b>
1.1	Forléargas	
1.2	Cúlra	
1.3	An Fhadhb a Shainaithint	
1.4	Cuspóirí na Scéime	
1.5	An gá leis an scéim	
1.6	Staidéar ar Shriantachtaí	
1.7	Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1	
<b>2</b>	<b>Forbairt Roghanna</b>	<b>11</b>
2.1	Roghanna nár glacadh leo	
2.2	Roghanna Féideartha maidir leis an mBealach	
2.3	Clár Comhtháite Bainistithe Iompair Chathair na Gaillimhe	
<b>3</b>	<b>Measúnacht Tráchta, Straitéis maidir le hAcomhail agus Trasghearradh</b>	<b>23</b>
3.1	Múnla Tráchta a Thabhairt Isteach	
3.2	Straitéis maidir le hAcomhail	
3.3	Trasghearradh	
<b>4</b>	<b>Measúnacht na Roghanna Féideartha maidir le Bealach</b>	<b>26</b>
4.1	Measúnacht na Roghanna	
4.2	Measúnú Barainneachta	
4.3	Measúnú Sábháilteachta	
4.4	Rochtain agus Uilechuimsitheacht Shóisialta	
4.5	Measúnú Comhtháthúcháin	
4.6	Measúnú Comhshaoil	
4.7	Measúnú Achomair	
4.8	An Chonair Bhealaigh is Mó Fabhar atá ag teacht chun cinn	
<b>5</b>	<b>An Chonair Bhealaigh is mó fabhar</b>	<b>43</b>
5.1	Taispeántas Poiblí Uimh. 3	
5.2	Moladh	

# 1 Réamhrá

## 1.1 Forléargas

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Bonneagar Iompair Éireann (ar a dtugtai an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta) agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag obair i gcomhar lena chéile chun teacht ar réiteach na saincheisteanna iompair atá ann i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar thart uirthi. Cuimseoidh an réiteach iompair comhchodanna a bhaineann le soghluaiseacht chliste, le hiompar poiblí agus le bóithre. Léiríonn an tuarascáilorthaí an staidéir ar Shriantachtaí agus Roghnú an Bhealaigh i ndáil le Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe (TICG), is é sin le rá, an chomhchuid den réiteach iompair a bhaineann le bóithre.

I gcomhthráth le Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe, tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag gabháil d'fhorbairt na gcomhchodanna den réiteach foriomlán iompair a bhaineann le soghluaiseacht chliste agus le hiompar poiblí (ar a dtugtar Clár Comhtháite Bainistithe Iompair Chathair na Gaillimhe (CCBI)). Cé go ndéanfar Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe a chomhtháthú le CCBI, próiseas aonair is ea próiseas roghnaithe an bhealaigh agus níl sé ag brath ar na comhchodanna eile den CCBI mar gur léir, mar thoradh ar na staidéir atá déanta go dtí seo, go mbeidh comhchuid a bhaineann le bóithre ann mar chuid den réiteach iompair foriomlán.



Léiríonn an Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh orthaí an staidéir ar Shriantachtaí agus Roghnú Bealaigh do Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe mar atá beartaite. Is é is cuspóir don tuarascáil seo ná cuntas a thabhairt ar an bpróiseas a úsáideadh chun an Chonair Bhealaigh is dealraíthí a roghnófar (CBDR) agus tá mionsonraí ionmlána inti maidir leis na nithe seo a leanas:

- Limistéar oiriúnach staidéir don scéim a shainaithint;
- Srianachtaí a shainaithint;
- Roghanna féideartha a fhorbairt;
- Measúnacht ar na roghanna féideartha go léir; agus
- An chonair bhealaigh is fearr a roghnú.

Déanfar cuntas ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an CBDR a thabhairt sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT), mar chuid den phróiseas Measúnachta Tionchair Timpeallachta. Rinneadh gach ceann de na roghanna sa Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh a scrúdú trí úsáid a bhaint as sonraí a bhí dóthanach chun measúnacht a dhéanamh ar fhéidearthacht na roghanna agus chun compáirid chomhionann a dhéanamh idir na roghanna bealaigh go léir a bhí forbartha. Mar threoir le haghaidh leagan amach agus ábhar na Tuarascála maidir le Roghnú Bealaigh, baineadh úsáid as Threoirínlte an Údarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) i ndáil le Bainistíocht Tionscadail (TBT-anna).

In TBT-anna 2010 an Údarás um Bóithre Náisiúnta, faightear creat le haghaidh cur chuige céimíthe i ndáil le forbairt, bainistiú agus cur i gcríoch móscéimeanna bóthair in Éirinn. Gabhann struchtúr leo ionas go gcinnteofar comhsheasmhacht leis an gcur chuige sin ar fud an ghréasáin ionmláin.

Tá seacht gcéim ann sna Treoirínlte, is é sin le rá:

- Céim 1 – Coincheap na Scéime & Staidéir Féidearthacha;
- Céim 2 – Roghnú Bealaigh;
- Céim 3 – Dearadh;
- Céim 4 – Measúnacht Tionchair Timpeallachta & na Próisis Reachtúla;
- Céim 5 – Réamhoibreacha & Ullmhú Doiciméad Tógála, Tairiscint & Bronnadh Conartha;
- Céim 6 – Tógáil & Cuir i bhFeidhm; agus
- Céim 7 - Seachadadh, Athbhreithniú & Tabhairt Chun Críche.

Faoi láthair, tá Arup ag gabháil do Chéim 2 de Thionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe agus tá cuntas le fáil sa Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh (TRB) ar thorthaí Chéim 2 – Roghnú Bealaigh.

Tá trí imleabhar ann sa Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh (TRB), is é sin, tá príomhthéacs na tuarascála ann in Imleabhar A, tá na fíoracha a ghabhann leis sin le fáil in Imleabhar B agus tá na hagusíní ann in Imleabhar C.

## Céim 1

Aibreán 2014




## Céim 2

Feabhra 2015



## Céim 3

Bealtaine 2015



Is anseo atá tú.

Dearadh

Measúnacht Tionchar Timpeallachta agus an Próiseas Reachtúil (an tOrdú Ceannáigh Éigeantaigh)

## Céim 4

Ráithe 1, 2016

Iarratas chun An Bord Pleanála

Éisteacht ó Bhéal

Cinne

Dearadh Sonraithe agus Talamh Faichte

Tógáil

## Céim 4

## Céim 5

## Céim 6

## 1.2 Cúlra

Is cuspóir de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe araoon é, ó bhí an bhliain 1999 ann, réiteach a fháil ar shaincheisteanna iompair i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar thart uirthi. Ceapadh sainchomhairleoírí sa bhliain 1999 chun staidéir féidearthachta, roghnú bealaigh, dearadh agus pleánáil a chur i gcrích i geomhair Sheachbhóthar Seachtrach N6 Cathair na Gaillimhe. Cuireadh an scéim a d'éirigh as sin, lena n-áirítear an tOrdú Ceannaithe Éigeantaigh (OCÉ) agus an Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) faoi bhráid an Bhoird Pleánála (ABP) ar an 1 Nollaig 2006. Bhí 21.4km de bhóthar príomhlíne, 9km de nascbhóithre, crosbhealaigh ghaolmhara agus mórrhasnú droichid thar Abhainn na Gaillimhe ann sa scéim sin. Ar fud na tuarascála seo, déantar tagairt don scéim sin mar Sheachbhóthar Seachtrach N6 Cathair na Gaillimhe (2006) ní úsáidtear an t-aicrainm SSCG 2006 ina leith.

Ar an 28 Samhain 2008, thug ABP a chinneadh i leith Sheachbhóthar Seachtrach N6 Cathair na Gaillimhe (2006). Níor cheadaigh ABP ach cuid den scéim, is é sin, an chuid ón N59 soir ón N6 láithreach, lena n-áirítear an dá acomhal ag an N59 agus ag an N6. Sa chinneadh a thug siad, luaigh ABP an breithniú a rinne siad ar na sonrái go léir a tíolacadh agus thusg siad ceadú páirteach ós rud é gur mheas siad gurbh ionann an chuid den fhorbairt bóthair a bhí á ceadú agus réiteach cuí i leith riachtanais shainaitheanta tráchta na cathrach agus an cheantair thart uirthi. Thug ABP dá aire go mbeadh dian-tionchar logánta ann ar Limistéar Speisialta Caomhantais féideartha Loch Coirib ach nach ndearna sé sin difear dochrach d'iomláine an Limistéir Speisialta Caomhantais fhéideartha sin.

Dhiúltaigh ABP cead don chuid den scéim ón R336 siar ó Bhearna go dtí an N59 (an chuid iartharach). Mheas ABP gur suíodh an gá le seachbhóthar seachtrach Cathair na Gaillimhe a nascódh an N6 ar an taobh thoir le bóthar cósta an R336 mar chuid riachtanach de ghréasán iompair limistéar na Gaillimhe. Ach ní raibh ABP sásta leis an geuid den fhorbairt bheartaithe bóthair trí Phortach Thóin na Brocaí:

- (a) ar cuid de Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LON)  
Phortaigh Mhaigh Cuilinn é;
- (b) ar Bratphortach é atá liostaithe mar ghnáthóg thosaíochta in Iarscríbhinn I de Threoir an AE maidir le Gnáthóga; agus
- (c) ar láithreán é ina bhfuil ceannbhán caol ar speiceas é atá cosanta de réir an dlí agus ar speiceas leocheileach é.

Dhiúltaigh ABP don chuid iartharach den scéim ar an mbonn nach mbeadh an chuid sin den fhorbairt bhóthair i gcomhréir le caomhnú ghnáthógo Thóin na Brocaí ós rud é go bhféadfadh éifeachtaí suntasacha dochracha a bheith ann don timpeallacht dá bharr agus go bhféadfadh sé go mbeadh malairtí ar fáil nach mbeadh chomh dochrach céanna .

Rinne tríú páirtí iarratas chuig an Ard-Chúirt chun cead a iarraidh imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a eisiúint i gcoinne chinnéadh ABP lenar deonaíodh ceadú i leith an chuid oirtheach de Sheachbhóthar Seachtrach N6 Cathair na Gaillimhe (2006). Ba é ba bhonn leis an iarraidh ar athbhreithniú ná go ndearna ABP earráid ina léiriú ar Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga nuair a tháinig sé ar an gconclúid nach mbeadh éifeacht dhochrach ann ar iomláine an láithreáin mar thoradh ar an scéim bhóthair ar Loch Coiribe atá ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha.

Rinne an Ard-Chúirt athbhreithniú breithiúnach ar chinnéadh ABP. Le cinneadh an 9 Deireadh Fómhair 2009 ón Ard-Chúirt, seasadh le cinneadh ABP chun an chuid oirtheach den scéim a cheadú. Ar an 6 Samhain 2009, tugadh cead don tríú páirtí a chomharc a dhéanamh chuig na Cúirte Uachtaráin i gcoinne chinnéadh an 9 Deireadh Fómhair ón Ard-Chúirt. Lorg an Chúirt Uachtarách tuairim Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpáigh (CBAE) faoi léiriú na Treorach maidir le Gnáthóga.

Thug CBAE a breithiúnas ar an 11 Aibreán 2013. Is mar a leanas na concluídí ar féidir teacht orthu mar thoradh ar an mbreithiúnas sin:

1. Bheadh tionchar dochrach suntasach ag Seachbhóthar Seachtrach N6 Cathair na Gaillimhe (2006) ar iomláine Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe de bharr 1.5ha de phábháil Aolchloiche a thabhairt chun bealaigh; aguss
2. Ós rud é go mbeadh tionchar dochrach suntasach ag Seachbhóthar Seachtrach N6 Cathair na Gaillimhe (2006) ar iomláine an Limistéar Caomhantais Speisialta fhéideartha, is faoi Airteagal 6(4), seachas faoi Airteagal 6(3), ba cheart an próiseas pleánála a chur i gcrích.

Tar éis tuairim CBAE a fháil, chuir an Chúirt Uachtarách an cinneadh ó ABP roimhe sin ar neamhní. Dá bhrí sin, rinneadh próiseas forbartha réitigh iompair do Cathair na Gaillimhe agus don cheantar thart uirthi a thosú athuair ag Céim 1, is é sin, céim na féidearthachta agus an choinchéapa.

Ceapadh Arup i mí na Samhna 2013 chun seirbhísí sainchomhairleoireachta ildisciplíneacha innealtóireachta a sholáthar, lena n-áirítear staidéir féidearthachta, scrúdú doiciméad agus rialuithe cúirte maidir leis an scéim roimhe seo (Seachbhóthar Seachtrach N6 Cathair na Gaillimhe) nár éirigh léi, roghnú bealaigh, dearadh mionsonraithe agus leagan deiridh den iarratas pleánála a bheadh le tíolacadh i ndáil le scéim athbhreithnithe.

## 1.3 An Fhadhb a Shainaithint

Sna staidéir féidearthachta tosaigh, díríodh ar faisnéis agus sonraí a bhailíú ó raon leathan foinsí éagsúla agus ar úsáid a bhaint as sásraí éagsúla chun tuiscint iomlán a fháil ar na saincheisteanna iompair i nGaillimh. Bhí na nithe seo a leanas san áireamh san obair sin ach ní raibh an obair sin teoranta dóibh:

- Athbhreithniú ar an scéim roimhe seo;
- Athbhreithniú ar na doiciméid bheartais reatha;
- Athbhreithniú ar na sonraí tráchta;
- Athbhreithniú ar roghanna iompair atá ann faoi láthair;
- Scrúdú na bpátrún taistil atá ann faoi láthair;
- Athbhreithniú ar shonraí ó Dhaonáireamh 2011 do Ghaillimh agus don cheantar thart uirthi; agus
- Cuairteanna ar láithreáin i nGaillimh.

Mar thoradh ar na staidéir féidearthachta sainaithníodh fadhbanna i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar thart uirthi, ar fadhbanna iad atá nasctha agus fite fuaite lena chéile agus is féidir cur síos achomair a dhéanamh orthu mar a leanas:

- Brú tráchta ar mhórbhealaí tríd an gcathair;
- Éiginnteacht faoi fhad turais de bharr candaime éiginnte moille;
- Athruithe idir faid turais i rith an lae;
- Moilleanna tráchta ag buaic-amanna;
- Trácht a oireann do sheachbhóthar i gcoimhlínt le trácht inmheánoch;
- Naisc neamhdhóthanacha iompair chun teacht ar mhargáil laistigh den chathair;
- Naisc neamhdhóthanacha iompair, lena n-áirítear ceangail iompair phoiblí ó Chathair na Gaillimhe chuig áiteanna i gConamara; agus
- Easpa rochtana ar Réigiún an Iarthair ina iomláine.




## 1.4 Cuspóirí na Scéime

Is é is cuspóir foriomlán don scéim ná réiteach iomlánaíoch iompair a sholáthar do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar thart uirthi, ar réiteach é a rachaidh chun tairbhe do Ghaillimh agus do réigiún an iarthair agus, ag an am céanna, a thabharfaidh aird chuí ar thimpeallacht íogaireach réigiún an iarthair.

Rinneadh cuspóirí foriomlána a chur ar bun don scéim mar a leanas:

- Tacú le feidhmíocht eacnamaíochta Chathair na Gaillimhe mar bhealach chuig an iarthar, chuig na ceantair Ghaeltachta agus chuig Conamara, agus leis na tairbhí iarmharacha socheacnamaíochta a ghabhann le ceangal feabhsaithe Chathair na Gaillimhe le margai náisiúnta, le rochtain fheabhsaithe do thurasóirí agus leis an geóras iompair náisiúnta;
- Tacú le forbairt Chathair na Gaillimhe mar Thairseach agus mar thionscnóir forbortha i Réigiún an Iarthair chun forbairt chothrom réigiúnach a sholáthar mar chúiteamh ar an bhforbairt atá á déanamh i Réigiún an Oirthir;
- Pobail sheanbhunaithe atá ann faoi láthair a chaomhnú agus, ag an am céanna, féachaint le híoslaghdú a dhéanamh ar na tionchair ar iomláine láithreáin Natura 2000, agus gan diobháil mhíchuí a dhéanamh d'oidhreacht ailtireachta, cultúir nó teanga an cheantair;
- Comhéadan na tréthráchta a dheighilt ón trácht uirbeach le go mbeidh sráideanna uirbeacha níos sábhláite ann, rud a éascóidh cur i bhfeidhm beartas iompair i ndáil le gearrthurais chomaitéireachta agus a fheabhsóidh timpeallacht uirbeach lár Chathair na Gaillimhe; agus
- Brú tráchta ar fud na cathrach a mhaolú, rud a chuirfidh feabhas ar iontaofacht ó thaobh fad turais de agus a éascóidh córas iompair phoiblí níos éifeachtúla, trína ndéanfar rogha ilmhódach taistil a sholáthar agus trína gcurfear feabhas ar leibhéal sábhláileachta do gach úsáideoir bóithre poiblí.

*Táimid ag tacú as an eonáireachta a sholáthar leis an eonáireamh iompair a dhéanamh i gCathair na Gaillimhe atá níos sábhláite, chomh maith leis an iompair a dhéanamh i gConamara.*



## 1.5 An gá leis an scéim

### 1.5.1 Forléargas

Tá an N6 láithreach ina Phríomhbhealach Náisiúnta a nascann an M6 ar an taobh thoir de Chathair na Gaillimhe leis an N59 agus leis an R338 ar an taobh thiar de Chathair na Gaillimhe. Cé go seachnaíonn an N6 lár Chathair na Gaillimhe, ní sheachnaíonn cuid mhór den trácht ar an N5/R338 an ceantar ar fad thart ar chathair na Gaillimhe; seachas sin, úsáideann an trácht sin an N6 chun taisteal ó oirtheor go hiarthar na cathrach, féach Fíor 1 thíos. De bhréis ar fhónamh don trácht ó oirtheor go hiarthar na cathrach, nascann an N6 ceithre bhealach Náisiúnta atá ann thart ar Chathair na Gaillimhe, is iad sin, an N59, an N84, an N17 agus an N6/M6. Ina theannta sin, nascann sé roinnt bealach réigiúnach le chéile, lena n-áirítear an R336 a thugann rochtain ar Chonamara theas.

Baineann sriantachtaí fisiciúla le leagan amach geografach Chathair na Gaillimhe; roinneann Abhainn na Gaillimhe agus inbhear mara ar a dtugtar Loch an tSáile í agus tá sí crioslaithe, feadh na teorann theas ar fad, le Cuan na Gaillimhe agus, ar an teorainn thuaidh, le Loch Coiribe, agus is ionann an méid sin agus bacainní nádúrtha ar shaorghluaiseacht agus ar fhorbairt. Tá ceithre dhroichead ann a thrasnaíonn an abhainn faoi láthair, agus iompraíonn


siad sin ar fad tuairim is 80,000 feithicil in aghaidh an lae. Tá trí cinn de na ceithre dhroichead an-ghar do lár na cathrach agus, dá bhrí sin, tarraingíonn siad trácht isteach sa chathair d'aon toisce chun an abhainn a thrasnú.

Bíonn Contae na Gaillimhe agus Conamara, chomh fada siar leis an gClochán, agus chomh fada thuaidh le Leitir Fraic, ag brath chomh mór céanna ar an gconair chung sin mar bhealach rochtana ós rud é go bhfuil an ceantar seo srianta de bharr fhairsinge Loch Coiribe ó thuaidh, shléibhthe Bheanna Beola, shléibhthe Mhám Tuirc agus cuid mhór lochanna beaga. Léiríonn Fíor 1 thíos go bhfaightear rochtain ar an gceantar seo trí na droichid thar Abhainn na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe agus is iad na sriantachtaí fisiciúla nádúrtha is cúis leis sin.

### Fíor 1 Na Sriantachtaí Nádúrtha Láithreacha



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council



Figúir 1 Srianta Nádúrtha atá ann Cheana Féin

### 1.5.2 Beartas Tacaíochta

Ós rud é gur bóithre Náisiúnta thart ar Chathair na Gaillimhe iad an N59, an N84, an N17 agus an N6, tá an fhreagrácht as feidhmiú agus cothabháil na mbóithre sin ar an údarás áitiúil, i gcomhar lena an Údarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN). Maidir le feidhmíocht an ghréasáin bóithre seo faoi láthair, bíonn brú tráchta ann agus is é a leanann as sin ná éiginnteacht maidir le faid turais, moill agus moilleanna ag buaic-amanna, agus tá an méid sin ar fad ina chúis le timpeallacht neamhshábháilte ar ghréasán sráideanna uirbeacha Chathair na Gaillimhe.

Tá tacaíocht i leith an ghá le scéim chun feabhas a chur ar an ngréasán láithreach príomhbhóithre sa limistéar seo le fáil i dtosaíochtaí straitéiseacha an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus tá scéim den sórt sin i gcomhréir le beartas bonneagar iompair an Aontais Eorpach. Áiríonn bonneagar iompair na hEorpa (TEN-T) na croí-bhealaí iompair i ngach Ballstát ar leith den AE. De bharr go mbeidh an fhorbairt bheartaithe bóthair ón N6 ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise, go dtí an t-acomhal leis an R336 ina chuid den ghréasán cuimsitheach TEN-T in Éirinn, mar a léirítear i **bhFíor 2** thíos, tá gá le maolú a dhéanamh ar an mbrú tráchta ar an mbealach sin chun iontaofacht a sholáthar maidir le faid turais agus chun deireadh a chur le moilleanna ag buaic-amanna, agus, ar an dóigh sin, íoslachdófar diomailt breosla agus astaiochtai mar go n-ainhítear go bhfuil gréasáin chomhtháite iompair, atá eifeachtúil, sábháilte, daingean agus báuil don timpeallacht, riachtanach ó thaobh dhea-fheidhmiú an mhargaidh aonair de.


In *Bonneagar agus Infheistíocht Chaipitiúil 2012-2016 – Creat Meántearma Státhchiste*, leagtar amach torthaí an athbhreithnithe uile-Rialtais ar bhonneagar agus ar infheistíocht chaipitiúil. San athbhreithniú, déantar measúnacht ar acmhainn láithreach bhonneagar na hÉireann agus sainaithnítear na bearnaí atá ann fós agus nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun cabhrú le téarnamh eacnamaíochta, le comhtháthú sóisialta agus le hinbhuanaitheacht timpeallachta agus, i measc na bpriomhthosaíochtaí a sainaithníodh, airítear deimhin a dhéanamh de go ndéantar an Gréasán Bóithre Náisiúnta a chothabháil agus go leantar d'infheistíocht a dhéanamh chun táirge turasóireachta na hÉireann a fheabhsú. Tairgeann iarther Chontae na Gaillimhe deiseanna ardchaighdeáin turasóireachta agus tá sé ag brath ar an gceangal leis an gcuid eile den ghréasán bóithre náisiúnta chun barr a acmhainne a bhaint amach.

Tá gá le TICG N6 chun cuspóirí an Rialtais atá leagtha amach ina ndoiciméad beartais de chuid na bliana 2009, dar teideal “*Taisteal Nios Cliste—Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe*”, a bhaint amach. De réir an phlean gníomhaíochta sin, tá sé mar aidhm ag an Rialtas athrú a dhéanamh ar an meascán modhanna iompair eagsúla in Éirinn ionas go dtiocfaidh laghdú, faoin mbliaín 2020, ar sciar an ghluaisteáin de na turais chomaitéireachta ar fad ó 65%, mar atá ann faoi láthair, go 45% agus, sa dóigh sin, déanfar rochtain ar spásanna uirbeacha ag daoine, seachas ag ghluaisteáin, a éascú.

Rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe *Plean Gníomhaíochta Limistéar Bardasach Taistil Nios Cliste na Gaillimhe 2010-2015* a fhorbairt agus tá an pleán sin i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta maidir le *Taisteal Nios Cliste* agus is é is cuspóir dó ná limistéar den chéad scoth i gcomhair taistil a fhorbairt i limistéar Chathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird. Tá TICG N6 i gcomhréir leis na beartais sin agus tá gá leis chun saincheisteanna faoi bhrú tráchta, a bhfuil srian á chur aige faoi láthair ar chur i bhfeidhm iomlán na mbeartas i leith *Taistil Nios Cliste*, a réiteach trí thacú le beartais iompair inbhuanaithe i leith turas comaiteireachta níos gorra.

Is é Forfás comhlacht comhairleach na hÉireann maidir le beartas náisiúnta i ndáil le cúrsáí fiontraíochta agus eolaíochta. Rinneadh cur i gcrích an chuarbhóthair do Ghaillimh a shainaithint go soiléir mar thionscadal tosaíochta i bhfoilseachán de chuid Forfás sa bhliain 2012 dar teideal **Forléargas ar na Priomh-Shaincheisteanna Bonneagar i réimse na Fiontraíochta**, is é sin le rá, tionscadal tosaíochta trína ndéanfar réitigh níos cliste a fhorbairt chun leas a bhaint as an infheistíocht shuntasach atá déanta cheana féin agus chun feabhas a chur ar ár n-iomaiochas. Ar an leibhéal náisiúnta, sainaithníodh TICG N6 mar thionscadal a bhfuil gá leis chun tacú le téarnamh eacnamaíochta agus le fás eacnamaíochta agus sainaithníodh amhlaidh é mar go bhfuil sé de chumas aige soghluaiseacht daoine agus earrai isteach i nGaillimh agus amach as Gaillimh a fheabhsú. Tá sé sin riachtanach i leith théarnamh eacnamaíochta Réigiún an Iarthair ina iomláine agus gabhann leas poiblí sáraitheach leis sin ar an leibhéal náisiúnta de réir mar a théann an tir i dtreo fáis agus téarnaimh inbhuanaithe.

Tá tacaíocht i leith seachbhóthair do Ghaillimh le fáil sa bheartas pleánála ar an leibhéal réigiúnach, is é sin, “*Na Treoirí línte maidir le Pleanáil Réigiúnach (TPR-anna) do Réigiún an Iarthair 2010-2012*”. Tacaíonn na TPR-anna go sonrach leis an ngá le laghdú a dhéanamh ar chostais iompair trí fheabhas a chur ar na gréasáin bhóthair, go háirithe an M6 agus Seachbhóthar Seachtrach ionchasach na Gaillimhe, mar chuid d'fhorbairt eacnamaíochta an réigiún. Le go mbainfidh Réigiún an Iarthair mais chrítiúil agus fás amach, agus go gcuirfear conair forbartha ar fáil sa deireadh mar mhalairt ar chonair chósta an oirthir, aithnítear sna TPR-anna nach mór naisc láidre cumarsáide a bheith ann leis an méid sin a bhaint amach, is é sin, trí naisc mhaithé iompair.



Figúir 2 Gréasán TEN-T


Tá an gá leis an scéim leagtha amach i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 sa mhéid go sainainn sé an gá le réiteach a fháil ar an mbrú tráchta, le ceangal níos fearr leis an ngréasán trasnáisiúnta a chur ar fáil ó gach cuid den chontae agus le feabhas a chur ar na leibhéil sábháilteacha ar gach uile bhóthar poiblí. Féachann sé le rochtain a chur ar fáil do gach duine ar mhodh comhtháite, agus raon feabhsaithe roghanna iompair a bheith ann.

Tá tacáiocht don scéim seo le fáil i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2011-2017, lena n-áirítear an t-athrú is déanaí ar an bplean, ós rud é go bhféachann sé le faoiseamh ó bhrú tráchta agus rogha ilmhódach taistil sholáthar chun forbairt chothrom inbhuanaithe eacnamaíochta a chur chun cinn le gur féidir le Cathair na Gaillimhe a ról mar Thaireach Náisiúnta agus mar Lárionad Réigiúnach a chomhlíonadh.

Dá bhrí sin, tá tacáiocht don réiteach ann ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal beartais náisiúnta agus ar an leibhéal beartais áitiúil le gur féidir aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iompair ar mhaithle le gach modh taistil, ar saincheisteanna iad a imríonn tionchar ar ghnáthshaol eacnamaíochta agus sóisialta na cathrach, an chontae agus an réigiún.

## 1.6 Staidéar ar Shriantachtaí

Cuireadh staidéar ar shriantachtaí i gcrích i limistéar staidéir na scéime a thaispeántar i **bhFíor 3**, is é sin le rá, go bunúsach, an limistéar ar laistigh de is féidir an chomhchuid bhóthair den réiteach iompair do Ghaillimh a fhorbairt.



Figúir 3 Teorainn Limistéar Staidéar na Scéime

Rinneadh sriantachtaí de chineál fisiciúil, nós imeachta, dlíthiúil agus timpeallachta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhorbairt réitigh ionchasaigh a shainaithint laistigh de limistéar staidéir na scéime. I measc na saincheisteanna a breithníodh, áiríodh na nithe seo a leanas:

- an bonneagar, an úsáid talún, an topagrafaíocht agus gnéithe fisiciúla faoi láthair;
- láithreán nó limistéar lena ngabhann suntas nó íogaireacht timpeallachta a shainaithint;
- pleanáil, forbairt agus carachtar socheacnamaíochta; agus
- sriantachtaí teicniúla.

I measc na bpriomhshriantachtaí, áirítear an méid seo a leanas:

- Timpeallacht fhoirgnithe na Gaillimhe, lena n-áirítear pobail sheanbhunaithe agus saoráidí tráchtala agus oideachais;
- Láithreáin atá ainmnithe mar láithreáin Natura 2000 agus Limistéir Oidhreachta Náisiúnta; agus
- Láithreáin is díol suntais i dtaca le cúrsaí ailtireachta, seandálaíochta agus oidhreachta cultúir de.

## 1.7 Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1

Mar chuid den Staidéar ar Shriantachtaí, seoladh seisiún chomhairliúcháin phoiblí ar an 14 Iúil 2014 in Óstán Westwood, an Daingean, agus ar an 15 Iúil 2014 in Óstán Pillo, Bóthar Áth Cinn. Lorgaodh tuairimí an phobail agus rinneadh torthaí an chomhairliúcháin a thaifeadadh sa Staidéar ar Shriantachtaí.

## 2 Forbairt Roghanna

Mar thoradh ar na staidéir thosaigh féidearthachta, agus aird á tabhairt ar an mbreithiúnas faoi scéim SSCG 2006 agus ar phríomhshriantachtaí Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha (LCSF) Loch Coiribe, seo a leanas achoimre ar na roghanna a breithníodh:

- “Ná Déan Aon Rud”: Is ionann an rogha seo agus an múnla Bonnbhliana agus fachtóirí fáis curtha i bhfeidhm i ndáil leis an daonra láithreach agus le sonraí tráchtá láithreacha suas go dtí an bliain oscailte (2019);
- “Déan an Méid is Lú is Féidir”: Baineann an rogha seo le scéimeanna bóthair agus neamhbhóthair, lena n-áirítear bearta soghluisteachta cliste, ar scéimeanna iad a bhfuil gealltanás tugtha ina leith nó ar dóigh ina leith go leanfar ar aghaidh leo roimh an mbliaín oscailte (2019);
- “Déan Rud Éigin maidir le hIompar Poiblí”: Bhí an rogha seo bunaithe ar bhearta, ar roghanna agus ar scéimeanna a sainaithníodh i *Staidéar Féidearthachta Iompair Phoiblí 2010* do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ar staidéar é atá i bhfeidhm fós agus ina n-áirítear bearta soghluisteachta cliste;
- Roghanna maidir le Bealach Loch Coiribe;
- Roghanna maidir le Bealach an Chósta;
- An Bóthar Malartach Láithreach (Ar-Líne) a Uasghrádú; Ba é a bhí sa chéad rogha bhóthair a forbraiodh ná uasghrádú ar-líne bhonneagar an bhóthair láithreach agus úsáidtear an N6 agus an R338 láithreach ina leith; agus
- Bóthar Nua Malartach (As-Líne) a Thógáil: Bhain an rogha seo le roghanna bealaí as-líne chun an R336 san iarthar a nascadh leis an N6 san oirtheár.

### 2.1 Roghanna nár glacadh leo

Tar éis measúnacht a dhéanamh ar na roghanna seo a leanas níor glacadh leo lena mbreithniú tuilleadh ós rud é gur measadh ina leith nár chomhlíon siad cuspóirí an tionscadail

- ‘Ná Déan Aon Rud’;
- ‘Déan an Méid is Lú is Féidir’;
- “Déan Rud Éigin maidir le hIompar Poiblí”;
- Roghanna maidir le Bealach Loch Coiribe;
- Roghanna maidir le Bealach an Chósta; agus
- Tollán idir foircinn an tionscadail.



#### 2.1.1 ‘Ná Déan Aon Rud’

Ba é a bhí i gceist leis an rogha ‘Ná Déan Aon Rud’ ná scrúdú ar na gréasáin iompair láithreacha agus ar an mbonneagar láithreach, agus ar chumas an méid sin chun freastal ar éilimh iompair amach anseo in éagmáis aon oibreacha uasghrádúcháin seachas gnáthchothabháil. Ní raibh aon socrú ann sa rogha seo maidir le hinfheistíocht i ngréasáin iompair agus i mbonneagar Chathair na Gaillimhe agus an cheantair thart uirthi.

Mar thoradh ar an measúnú ar an rogha ‘Ná Déan Aon Rud’, léiríodh an méid seo a leanas:

- Ní bheadh aon tairbhe dhearfach eacnamaíochta ann dá bharr ós rud é nach leanfadh aon laghdú ar an mbrú tráchtá láithreach as;
- Bheadh sé ina chúis le tuilleadh laghdaithe, thar am, ar éifeachtúlacht an bhonneagair iompair;
- Ní chuirfeadh sé aon fheabhas ar chúrsaí sábhalteachta ós rud é, go bunúsach, go mbeifí ag leanúint ar aghaidh leis an staid reatha, rud a d’fhágfadhb nach mbeadh aon socrú ann d’úsáideoirí leochaileacha bóthair ag cuid mhór acomhal; agus
- Ní rachadh sé chun tairbhe do thionscnaimh shoghluaisteachta cliste/iompair phoiblí ós rud é nach n-éascaíonn sé aon fheabhsúchán i ndáil leis an méid sin roimhe seo.



Le linn comhairliúcháin le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir leis an rogha ‘Ná Déan Aon Rud’, sainaithníodh tionscadail agus pleannanna éagsúla a bhfuil gealltanás tugtha ina leith agus ar dóigh, maidir leo, go gcuirfear i bhfeidhm iad sa ghearrthéarma, agus is cinnte, dá bharr sin, nach fíor-rogha í an rogha ‘Ná Déan Aon Rud’. D’fhág sainaithint na scéimeanna sin gur rogha iomarcach í an rogha ‘Ná Déan Aon Rud’ agus cinneadh gan í a bhreithníú tuilleadh.



## 2.1.2 ‘Déan an Méid is Lú is Féidir’

Lean an rogha ‘Déan an Méid is Lú is Féidir’ as an rogha ‘Ná Déan Aon Rud’. Ba é a bhí i gceist leis an imscrúdú ar an rogha ‘Déan an Méid is Lú is Féidir’ ná scrúdú ar na gréasáin iompair agus ar an mbonneagar atá ann faoi láthair agus ar an mbeartas láithreach agus na pleannanna láithreacha do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar thart uirthi. I dtaca leis an gcás seo, rinneadh na gréasáin láithreacha iompair agus an bonneagar láithreach, mar aon le scéimeanna iompair ar dóigh, maidir leo, go gcuirfear i bhfeidhm iad nó a bhfuil gealltanás tugtha ina leith, lena n-áirítear bearta soighluisteachta cliste, a scrúdú chun a fháil amach an féidir leo freastal ar na hélimh iompair a bheidh ann amach anseo.

De réir an mheasúnaithe, fuarthas amach gur mar a leanas a d’oibreodh an rogha ‘Déan an Méid is Lú is Féidir’:

- Ní bheadh aon tairbhe dhearbach eacnamaíochta ann dá bharr ós rud é nach leanfadh aon laghdú ar an mbrú tráchta láithreach as;
- Bheadh sé ina chúis le tuilleadh laghdaithe ar éifeachtúlacht an bholenneagar iompair tar am ós rud é, de réir na rogha ‘Déan an Méid is Lú is Féidir’, go dtiocfaidh méadú 70% go tapa, faoin mbliain 2034, ar an moill iomlán ghréasáin le linn bhuaic-amanna na maidine i gcomparáid leis an mBonnbhliain; tá an méadú sin i bhfad níos mó ná an méadú ar an líon turas, rud a léiríonn saincheisteanna acmhainne ar an ngréasán;
- Ní chuirfeadh sé aon fheabhas suntasach ar chúrsaí sábháilteachta ós rud é go leanfaidh an méid tráchta ar an ngréasán láithreach de bheith ag méadú gan aon phaoiseamh a bheith ann, ó thaobh acmhainne de, sna ceantair uirbeacha a bhfuil cuid mhór tráchta iontu cheana fén; agus
- Ní rachadh sé chun tairbhe do thionscnaimh iompair phoiblí/taistil níos cliste ós rud é go gcuirfeadh sé isteach ar an bhféidearthacht maidir le feabhas a chur ar na roghanna maidir le hiompar poiblí ós rud é go mbeadh an acmhainn srianta.

Fágadh an rogha ‘Déan an Méid is Lú is Féidir’ as an áireamh mar réiteach/rogha iompair ós rud é nach gcomhlíonann sé cuspóirí an tionscadail ar na cúiseanna atá luaite thusa.

## 2.1.3 ‘Déan Rud Éigin maidir le hIompar Poiblí’

Sa rogha ‘Déan Rud Éigin maidir le hIompar Poiblí’, áirítear na bearta, na roghanna agus na scéimeanna go léir a shainainn Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i geomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, mar thoradh ar na moltaí i staidéar na bliana 2010 ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe dar teideal *Staidéar Féidearthachta maidir le hIompar Poiblí* i nGaillimh. Cuimsíonn an rogha ‘Déan Rid Éigin maidir le hIompar Poiblí’ na nithe seo a leanas:

- Mear-Iompar Bus a d’oibreodh de réir mhinicíocht 10 nóiméad ó Chnoc na Cathrach san Iarthar, trí lár na cathrach, go dtí Órán Mór san Oirtheas;
- Mhéadófaí minicíocht gach seirbhís bus eile de chuid na cathrach go minicíocht 10 nóiméad;
- Bearta tosaíochta do bhusanna ag acomhail faoi rialú soilse tráchta feedh an bhealaigh Mear-Iompair Bus; agus
- Spás bóthair ar Dhroichead na mBradán a ath-leithroinnt ó thrácht ginearálta go hiompar poiblí amháin.

Mar chuid de *Staidéar Féidearthachta maidir le hIompar Poiblí i nGaillimh* 2010, rinneadh roinnt roghanna eile maidir le hiompar poiblí a scrúdú freisin, lena n-áirítear rogha maidir le córas iarnróid éadroim. Mar thoradh ar an staidéar sin, cinneadh gur réiteach atá bunaithe ar bhusanna is mó a d’oirfeadh chun déileáil le riachtanais iompair phoiblí na Gaillimhe, agus bhí an cinneadh sin bunaithe ar na hélimh iompair atá ann faoi láthair agus a bhfuiltear ag suíl leo amach anseo.

Is ceart a lua gur glacadh leis, i *Staidéar Féidearthachta maidir le hIompar Poiblí i nGaillimh* 2010, go mbeadh Seachbhóthar Seachtrach N6 na Gaillimhe ann, mar a bhí beartaithe le hiarratas pleannála na bliana 2006, rud a d’fhág go rabhthas in ann breithniú a dhéanamh ar ath-leithroinnt spáis bóthair ar Dhroichead na mBradán. Ach níl aon phónneagar bóthair breise den sórt sin san áireamh sa rogha ‘Déan Rud Éigin maidir le hIompar Poiblí de réir mhúnla na rogha sin.



Léiríonn an analís ar sciar na modhanna taistil go bhfuil sciar an-íseal iompair phoiblí ann, is é sin, 5.0% i mBonnbhliain 2012. Tagann laghdú an-bheag air sin in ‘Déan an Méid is Lú is Féidir’ 2034 agus tarlaíonn sé sin ós rud é go ndéanann méadú ar úinéireacht gluaisteán fritháireamh i leith an mhéadaithe ar bhrú tráchta.

De réir na rogha ‘Déan Rud Éigin maidir le hIompar Poiblí’, tagann méadú ar sciar mhodh an iompair phoiblí, is é sin, go 5.8% sa bhliain 2034, rud a léiríonn méadú 17% ar an lín turas iompair phoiblí i gcomparáid leis an rogha ‘Déan an Méid is Lú is Féidir’ don bhliain 2034. Ach, ós rud é go bhfuil sciar foriomlán mhodh an iompair phoiblí chomh híseal sin, léiríonn na figiúirí sin laghdú níos lú ná 1% ar an lín turas i ngluaisteáin.

Má chuirtear an rogha ‘Déan Rud Éigin maidir le hIompar Poiblí’ i bhfeidhm go hiomlán, mar atá á shamhlú sna tograí agus sna moltaí reatha i Staidéar Féidearthachta maidir le hIompar Poiblí i nGaillimh, gan Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006) a bheith san áireamh, imreofar tionchar diúltach ar an mbrú tráchta agus níl ach méadú imeallach ann i dtaca le sciar mhodh an iompair phoiblí. Dá bhrí sin, ní chomhlíontar cuspóirí an tionscadail nuair a chuirtear i bhfeidhm í ina aonar.

Coimeádadh rogha an iompair phoiblí mar chomhchuid ionchasach de réiteach foriomlán, seachas mar réiteach ann féin. Tá sí á tabhairt ar aghaidh lena tástáil tuilleadh mar chuid den CCBI ós rud é go bhféadfadh sí a bheith ina comhchuid de réiteach foriomlán iompair.

#### 2.1.4 Roghanna maidir le Bealach Loch Coiribe

Breithníodh rogha a bhaineann leis na limistéir ar an taobh thoir agus ar an taobh thiar de Chontae na Gaillimhe a nascadh le chéile trí Loch Coiribe a thrasnú ar tharbhealach.

Mar thoradh ar shriantacthaí éiceolaíochta a ghabhann leis an rogha seo, ní rogha tarraingteach í tarbhealach a chur ar fáil thar Loch Coiribe. Tá tábhacht mhór éiceolaíochta ag Loch Coiribe agus is limistéar ardscéimhe taitneamhachta é. Bheadh déanmas suntasach ag teastáil le haghaidh tarbhealaigh d'aon chineál agus bheadh sé an-deacair é a ionchorprú isteach sa tírdhreach.

Léiríonn analís ar an trácht go bhfuil éileamh mór ann i ndáil le turais ó gach cuid den chontae go dtí an chathair agus ar ais arís. Ina theannta sin, léiríonn sí, maidir leis an mbóthar nua, go bhféadfadh sé gur lú tarraingteach an bhealaigh bheartaithe don lucht gluaisteáin, agus gur lú an tionchar a bheadh aige ar laghdú na saincheisteanna iompair atá ann sa chathair faoi láthair, de réir mar is faide ar shiúl ón geathair atá sé suite. Bheadh aon togra maidir le tarbhealach a sholáthar thar Loch Coiribe suite in ionad atá, ar a laghad, 4.5km ón mbealach traschathrach láithreach – an N6 agus an R338. Dá bhrí sin, baineann tairbhe theoranta, ó thaobh an tráchta de, le nasc ón iarthar go dtí an t-oirtheor a shuíomh thar Loch Coiribe.

Ní chomhlíonfadh tarbhealach thar Loch Coiribe cuspóirí an tionscadail ar na cúiseanna seo a leanas:

- Ní laghdódh sé faid turais ar na príomhbhealaí;
- D'fhéadfadh sé nach tionscadal cost-éifeachtach a bheadh ann;
- Bheadh tionchar suntasach aige ar láithreáin atá ainmnithe mar láithreáin Natura 2000;
- Ní thabharfadhl sé aird chuí ar thábhacht an tírdhreacha atá ann; agus
- D'fhéadfadh sé nach gcothódh sé forbairt maise criticiúla, ó thaobh lárionad réigiúnach daonra de, ós rud é nach gcothóidh sé forbairt Chathair na Gaillimhe mar Thairseach.

Ós rud é go bhfuil malairtí ar fáil a bhféadfadh tionchair níos lú a bheith acu ar na sriantachaí timpeallachta, a n-úsáidfeadh líon níos mó daoine iad agus a sholáthródh tairbhe níos mó don gheilleagar áitiúil ná mar a bheadh i gceist le tarbhealach thar Loch Coiribe, níor glacadh leis an rogha maidir le tarbhealach thar Loch Coiribe lena scrídú tuilleadh.

## 2.1.5 Roghanna maidir le Bealach an Chósta

Breithníodh rogha a bhain le nascadh na limistéar in oirtheor agus in iarhar Chontae na Gaillimhe trí bhealach a sholáthar feadh an chósta.

Chun an Rogha maidir le Bealach Cósta a chur i gerích, tá gá le déanmhas suntasach droichid thar bhéal Chalafort na Gaillimhe agus is dóigh go mbeadh tionchar aige sin ar thrácht bád agus ar oibriú limistéar an chuain agus na ndugaí. Droichead ardaithe a bheadh ann agus bheadh sé infheicthe ó gach áit thart ar an gcuán, lena n-áirítear an Cladach, South Park agus an Póirse Caoch atá ina gcuid de limistéar ardscéimhe taitneamhachta. Bheadh tionchar aige, ó thaobh radhairc de, ar thírdhreach na cathrach agus Chuan na Gaillimhe ar aon agus bheadh gá le trasnú amháin ar a laghad thar líne iarnróid Bhaile Átha Cliath-na Gaillimhe.

Fágann na sriantachaí éiceolaíochta a ghabhann leis an rogha seo gur rogha neamhtharraingteach í freisin an Rogha maidir le Bealach Cósta. Tá tábhacht timpeallachta ag Calafort na Gaillimhe, lena n-áirítear Mór láthair Chuan na Gaillimhe (LCS féideartha) agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta Chuan laistigh na Gaillimhe.

Ní chomhlíonann an rogha seo an cuspóir de chuid na scéime a bhaineann le nasc a sholáthar le roinnt bóithre náisiúnta, nó le gach bóthar náisiúnta, a thagann isteach sa chathair, is é sin le rá, an N59, an N84, an N17 agus an N6/M6 san oirtheor, chun gréasán comhtháite bóithre náisiúnta a chruthú thart ar an gcathair. Ní bheadh an fheabhas ar fháis turais ná ar iontaofacht faid turais dá bharr agus is cuspóir eile de chuid an tionscadail é an méid sin. Mar an gceáanna, níl éileamh tráchta chomh mór sin ann chun costas tolláin ón oirtheor go dtí an t-iarhar a fhírinniú. Dá bhí sin, níor glacadh leis an rogha maidir le tollán ón oirtheor go dtí an t-iarhar ós rud é nach féidir é a chur i gcrích agus nach féidir é a fhírinniú. Ach measadh gurbh fhiú tuilleadh scrúdaitha a dhéanamh, le linn phróiseas forbartha na roghanna, i dtaobh codanna níos giorra tolláin chun sriantachaí suntasacha a sheachaint.

Tá malairtí ar fáil a bhféadfadh tionchar níos lú a bheith acu ar na sriantachaí timpeallachta agus, ag an am céanna, a chomhlíonann cuspóirí an tionscadail agus, dá bhí sin, b'fhearr iad sin ar fad ná rogha maidir le bealach cósta.

Ní chomhlíonfadh Rogha maidir le Bealach Cósta cuspóirí an tionscadail ar na cúiseanna seo a leanas:

- Ní sholáthródh sé iontaofacht ó thaobh faid turais ar na príomhbhealaí;
- Bheadh tionchar suntasach ag trasnú an chalafoirt ar láithreáin atá ainmnithe mar láithreáin Natura 2000; agus
- Ní thabharfadhl trasnú an chalafoirt aird chuí ar thábhacht an tírdhreacha láithrighe.

Ós rud é go bhfuil malairtí ar fáil a bhféadfadh tionchar níos lú a bheith acu ar na sriantachaí timpeallachta, a n-úsáidfeadh líon níos mó daoine iad agus a chomhlíonfadh cuspóirí an tionscadail ar mhodh níos fearr ná mar a dhéanfadh rogha maidir le bealach cósta, níor glacadh leis an rogha seo lena scrídú tuilleadh.


## 2.1.6 Tollán idir Foircinn an Tionscadail

Tar éis na roghanna thusa a bhreithniú, breithníodh rogha a bhaineann leis na limistéar in oirtheor agus in iarhar Chontae na Gaillimhe a nascadh trí thollán a chur ar fáil ón N6 go dtí an R336.

Ní chomhlíonann an rogha seo cuspóirí na scéime maidir le roinnt bóithre náisiúnta, nó le gach bóthar náisiúnta, a thagann isteach sa chathair, is é sin le rá, an N59, an N84, an N17 agus an N6/M6 san oirtheor, chun gréasán comhtháite bóithre náisiúnta a chruthú thart ar an gcathair. Ní bheadh an fheabhas ar fháis turais ná ar iontaofacht faid turais dá bharr agus is cuspóir eile de chuid an tionscadail é an méid sin. Mar an gceáanna, níl éileamh tráchta chomh mór sin ann chun costas tolláin ón oirtheor go dtí an t-iarhar a fhírinniú. Dá bhí sin, níor glacadh leis an rogha maidir le tollán ón oirtheor go dtí an t-iarhar ós rud é nach féidir é a chur i gcrích agus nach féidir é a fhírinniú. Ach measadh gurbh fhiú tuilleadh scrúdaitha a dhéanamh, le linn phróiseas forbartha na roghanna, i dtaobh codanna níos giorra tolláin chun sriantachaí suntasacha a sheachaint.

Ós rud é go bhfuil malairtí ar fáil a n-úsáidfeadh líon níos mó daoine iad agus a chomhlíonfadh cuspóirí an tionscadail ar mhodh níos fearr ná mar a dhéanfadh tollán soir-siar, níor glacadh leis an rogha seo lena scrídú tuilleadh.

Cuireadh na roghanna nár glacadh leo a chur ar taispeáint i bhfoirm ghrafach ag Comhairliúchán Poiblí 2 agus tá siad le feiceáil i **bhFíor 4** mar a leanas.



Figúir 4 Roghanna nár Glacadh leo – Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2

## 2.2 Roghanna Féideartha maidir leis an mBealach

Ba iad na roghanna maidir le bealaí a tugadh ar aghaidh lena measúnú tuilleadh roghanna ar-líne ina n-áirítear uasgrádú an bhoneagair láithrigh, roghanna atá go páirteach ar-líne/ go páirteach as-líne agus tógáil as-líne nua ar fad.

### 2.2.1 An Rogha maidir le Bealach Ar-Líne


Rinneadh staidéar iomlán ar uasgrádú an bhoneagair bóthair láithrigh agus ar fhorbairt rogha maidir le bealach ar-líne, ar dá réir a dhéanfaí na gréasáin agus na conairí láithreacha iompair a athúsáid agus a fheabhsú i gcás inar cuí sin.

Ba é a lean as an staidéar sin ná moladh maidir le céin rogha ar-líne a thabharfaí ar aghaidh. Tosaíonn an Rogha seo maidir le Bealach Ar-Líne ag acomhal faoi rialú soilse trácta ag ceann their Shráidbhaile Bhearna. Leanann sé as sin ó thuaidh feadh ailínithe nua bóthair chun bualadh le Bóthar Dáileacháin an Iarthair atá ann cheana féin ag acomhal beartaithe faoi rialú soilse trácta ag Timpeallán láithreach Bhóthar na Ceapaí. Leanann an Rogha maidir le Bealach Ar-Líne Bóthar Dáileacháin an Iarthair atá ann cheana féin chuig Bóthar Stiofáin agus áiríonn sé acomhal faoi rialú soilse trácta a chur in ionad na n-acomhal timpeallán go léir atá ann feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair.

I gceantar Ráthúin, téitear trí thollán ó Bhóthar Stiofáin, trí cheantar cónaitheach, chuig Bóthar Shéamais Uí Chuirc agus é íslithe faoi Bhóthar Shéamais Uí Chuirc agus faoi Thimpeallán Browne trí thollán de chineál gearrtha agus clúdaithe. Áiríonn sé naschthacht trí thimpeallán agus trí shliosbhóithre ag Gort na Bró. Leanann sé ar aghaidh as sin soir go dtí Droichead na gCúig Chéad feadh an N6. Coimeádtar an gréasán láithreach bóithre áitiúla os cionn na príomhlíne beartaithe thar fhoircinn Bhóthar Shéamais Uí Chuirc. Déantar freastal ar an ngréasán bóithre áitiúla trí dhara droichead a sholáthar thar Abhainn na Gaillimhe díreach ó dheas ón droichead láithreach. D’fhéadfadh sé go molfar, mar bheart comhlántach, trasnú breise thar Abhainn na Gaillimhe a chur ar fáil trí na piaraí iarnróid láithreacha a athúsaíd.

Soir ó Abhainn na Gaillimhe, téann an Rogha maidir le Bealach Ar-Líne taobh thiar den ionad siopadóireachta atá ann i dTír Oileáin agus buaileann sé athuair leis an N6 soir ó Acomhal an N84 ag Timpeallán Kirwan. Soláthraítear acomhal scartha gráid scoilte sa cheantar seo idir an N6 láithreach agus an Rogha maidir le Bealach Ar-Líne atá beartaithe, mar aon le sliosbhóithre, agus a n-aghaidh siar, chuig an/ón Rogha maidir le Bealach Ar-Líne díreach soir ón trasnú abhann agus sliosbhóithre, agus a n-aghaidh soir, chuig an/ón Rogha maidir le Bealach Ar-Líne díreach soir ó Acomhal Láithreach an N84 ag Timpeallán Kirwan.

Úsaideann an Rogha maidir le Bealach Ar-Líne conair láithreach an N6 chun dul i gceangal leis an M6/N6 ar an taobh thoir de Ghaillimh ag na hArdáin. Tá sé íslithe faoin N17 agus faoi Bhóthar an Bhaile Bhán ach tá naschacht iomlán aige leis an dá bhóthar trí acomhail mhuileata faoi rialú soilse tráchta. Soláthraítear acomhal muileata scartha iomlán ó dheas ó Acomhal láithreach, agus é ceaptha chun freastal ar Pháirc Thionscláiochta Parkmore, ar Pháirc Ghnó Bhaile an Briotaigh agus ar cheantar Chnoc Mhaoil Drise sa chathair.



Rogha Dhearg 1

Meastar gur rogha féideartha í an Rogha maidir le Bealach Ar-Líne agus tá sí á tabhairt ar aghaidh mar Rogha Dhearg 1 atá le measúnú mar chuid de phróiseas roghnaithe an bhealaigh.

### 2.2.2 Roghanna maidir le Bealach Ar-Líne/As-Líne

Rinneadh suirbhéanna mionsonraithe éiceolaíochta idir Meitheamh 2014 agus Deireadh Fómhair 2014 agus bhain an Fhoireann Dearthóireachta úsáid as eolas a bailíodh le linn dóibh criosanna forbartha roghanna a shainiu. Is é atá i gcriosanna forbartha roghanna ná limistéir laistigh de limistéar staidéir na scéime ina bhféadfaí forbairt a dhéanamh ar na roghanna is lú damáiste, ó thaobh cúrsaí éiceolaíochta de, agus inar lú an seans go mbeadh tionchar díreach nó tionchar neamhdhíreach ag na roghanna maidir le bealach ar na príomhghhabhdóirí éiceolaíochta. Is ceart a lua go raibh na roghanna sin go léir sna criosanna forbartha roghanna le measúnú freisin ag na speisialtóirí timpeallachta go léir eile agus d'fhéadfadh sé sin tuilleadh laghdaithe a dhéanamh ar na criosanna a bheidh ar fáil i ndáil le forbairt roghanna maidir le bealach.


Mar an gcéanna, d'fhéadfadh staid a bheith ann freisin ina mbeadh gá le roghanna maidir le bealach a fhorbairt lasmuigh de na criosanna seo chun laghdú a dhéanamh ar an tionchar ar shriantachtaí timpeallachta tábhachtacha eile, amhail daoine, seandálaíocht etc, agus na bearta éiceolaíochta riachtanacha maolúcháin á gcur san áireamh sa dearadh.

**Léiríonn Fíor 5 lastall** an crios forbartha atá ar fáil trí Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe ag trasnú Abhainn na Gaillimhe. Rinne an fhoireann innealtóireachta forbairt ansin ar roinnt roghanna maidir le bealach laistigh de na criosanna forbartha roghanna a bhí bunaithe, ag tosú ó shuímh trasnaithe Abhainn na Gaillimhe, a mhéid ab fhéidir le réasún de réir shrianta chaighdeán innealtóireachta agus na sriantachtai go léir eile.


I bhfianaise na timpeallachta uirbí atá ann, agus i bhfianaise na láithreán atá ainmnithe mar láithreáin Eorpacha, laistigh de limistéar staidéir na scéime, rinneadh ailíníú cothrománach agus ingearach a dhearradh do gach ceann ar leith de na roghanna maidir le conair bhealaigh. Maidir leis an ailíníú ingearach do roinnt de na roghanna maidir le bealach, bhí tolláin ann i geodanna áirithe chun laghdú a dhéanamh ar thionchar na bpriomhshriantachtáí a sainaithníodh. Tá tuairisc achomair ar gach rogha maidir le bealach le fáil anseo thíos.

Rogha Oráiste 1

Tosaíonn Rogha Oráiste 1 ag an bpointe céanna le Rogha Dhearg 1, soir ó Shráidbhaile Bhearna, agus leanann sé conair Rogha Dhearg 1 thar an mBaile Ard. Imíonn sé ó Bhealach Rogha Dhearg 1 agus téann sé trí Bhaile na mBúrcach, i dtreo Leitri áit a dtéann sé isteach i dtollán. Téann sé faoi Abhainn na Gaillimhe sa tollán agus tagann sé amach i dTír Oileáin, soir ó Thimpeallán Kirwan. Ansin,



Figúir 5 Criosanna Forbartha le haghaidh Rogha



### Rogha Oráiste 1

leanann Rogha Oráiste 1 Rogha Dhearg 1 feadh an N6 agus na hacomhail go léir á n-uasghrádú go hacomhail ghrád-scartha.

Tá nasc-bhóthar ann i Rogha Oráiste 1, ar bóthar é a thosaíonn ar an N59 ag an mBealach agus a chríochnaíonn ag an gceann thuaidh de Bhóthar Stiofáin, agus é i gceangal le príomhlíne Rogha Oráiste 1 ar mhodh acomhail ghrád-scartha.

### Rogha Bhui 1


Tosaíonn Rogha Bhui 1 ag acomhal leis an R336 siar ó Shráidbháile Bhearna agus téann sé i dtreo soir ó thuaidh, ag fanacht ó thuaidh ó Shráidbháile Bhearna agus ag dul trí bhailte fearainn na Cloiche Scolite, na nAille, Bhaile na mBúrcaigh, Leitri agus an Daingin. Trasnaíonn sé Abhainn na Gaillimhe ó dheas ó Chaisleán Mhionlaigh, agus tionscaíonn sé soir ó dheas ansin agus téann sé trí bhailte fearainn Chúil Each agus an Chaisleán Ghearr. Ceanglaíonn sé le Rogha Dhearg 1 siar ón acomhal leis an N17 agus leanann sé Rogha Dhearg 1 soir feadh an N6, agus na hacomhail go léir á n-uasghrádú go hacomhail ghrád-scartha.

Tá nasc-bhóthar ann i Rogha Bhui 1, ar bóthar é a thosaíonn ar an N59 ag Gort an tSléibhe agus a chríochnaíonn ag ceann thuaidh Bhóthar Stiofáin, agus é i gceangal le príomhlíne Rogha Bhui 1 ar mhodh acomhail ghrád-scartha.


### Rogha Ghorm 1

Tosaíonn Rogha Ghorm 1 le hacomhal ar an R336 ar imeall thiad Shráidbháile Bhearna agus leanann sé ar aghaidh feadh bóthair faoisimh atá ann comhthreomhar leis an R33g agus ó thuaidh uaidh. Tá an chuid eile de Bhóthar Faoisimh Istigh Bhearna, atá le cur i gceangal athuair leis an R336 ar imeall thoir Shráidbháile Bhearna, san áireamh mar chuid de Rogha Ghorm 1. Ón mbóthar faoisimh, téann Rogha Ghorm 1 soir ó thuaidh trí bhailte fearainn na Cloiche Scolite, na nAille, Bhaile na mBúrcaigh, Leitri agus an Daingin sula dtrasnaíonn sé Abhainn na Gaillimhe ó dheas ó Chaisleán Mhionlaigh. Leanann sé soir ansin i dtreo Chairéal Leacaigh, ag dul isteach i dtollán chun taistéal faoi ghnáthóig Iarscríbhinn I i Limistéar Caomhantais Speisialta féidearthá Loch Coiribe, agus tagann sé amach as an tollán sa chairéal sula dtéann sé trí bhailte fearainn an Chaisleán Ghearr agus Bhaile an Bhriotaigh. Téann Rogha Ghorm 1 isteach i ndara tollán chun taistéal faoin ráschúrsa ag Ráschúrsa na Gaillimhe agus tagann sé amach as sin i maighne Chnoc Mhaoil Drise, agus leanann sé Rogha Dhearg 1 ansin chuig a fhoirceann thoir.


Tá nasc-bhóthar ann i Rogha Ghorm 1, ar bóthar é a thosaíonn ar an N59 ag Gort an tSléibhe agus a chríochnaíonn ag an gceann thuaidh de Bhóthar Stiofáin, agus é i gceangal le príomhlíne Rogha Ghorm 1 ar mhodh acomhail ghrád-scartha.



### Rogha Bhui 1



Rogha Ghorm 1



Rogha Bhándearga 1

## Rogha Bhándearg 1

Tosaíonn Rogha Bhándearg 1 siar ó Bhearna ag an bpointe céanna le Rogha Ghorm 1, agus leanann sé an chonair chéanna le Rogha Ghorm 1 chomh fada leis an gCaisleán Gearr. Imíonn sé ó thuaidh ón ráschúrsa ansin ag Ráschúrsa na Gaillimhe agus téann sé isteach i dtollán ar an taobh thoir den N17. Téann an tollán sin faoi bhóthar rochtana an ráschúrsa. Téann an rogha seo soir ó dheas ó Shráidbhaile Chúil Each agus téann sé i gceangal leis an N6.

Tá nasc-bhóthar ann i Rogha Bhándearg 1, ar bóthar é a thosaíonn ar an N59 ag Gort an tSléibhe agus a chriochnaíonn ag an gceann thuaidh de Bhóthar Stiofáin, agus é i gceangal le príomhline Rogha Bhándearg 1 ar mhodh acomhail ghrád-scartha.

## Rogha Ghlás 1

Tosaíonn Rogha Ghlás 1 ag an bpointe céanna le Rogha Bhuí 1 siar ó Shráidbhaile Bhearna agus téann sé i dtreo soir ó thuaidh, ag fanacht ó thuaidh ó Shráidbhaile Bhearna agus ag dul trí bhailte fearainn na Cloiche Scolite, na nAille, an Chorráin, Thóin na Brocaí agus Pháirc na Sceach sula dtrásnaíonn sé Abhainn na Gaillimhe ó thuaidh ó Chaisleán Mhionlaigh. Téann Rogha Ghlás 1 soir ó thuaidh trí Mhionlach go Baile an Dúlaigh agus soir ó dheas trí Cheapach na Boirne, taobh thiar de Ráschúrsa na Gaillimhe i dtollán faoi bhóthar rochtana an ráschúrsa, áit a bhforluíonn sé ar feadh achair ghairid le Rogha Bhándearg 1. Téann sé trí an gcuid ó thuaidh de Shráidbhaile Chúil Each sula gcríochnaíonn sé ar an N6 ar an taobh thoir.

Próiseas dhá chéim atá i gceist le forbairt roghanna maidir le bealach. Déantar roinnt roghanna féideartha maidir le

bealach a fhorbairt agus a chomhaontú le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ). Tugtar Roghanna Bealaí Chéim 1 ar na roghanna sin maidir le bealach. Déantar measúnacht ansin ar na Roghanna Bealaí Chéim 1 sin.


Rinneadh na Roghanna Bealaí Chéim 1 ain a chur os comhair an phobail ag Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2 (féach Roinn 2.4).

Tar éis comhairliúcháin phoiblí agus tar éis tuilleadh staidéar a dhéanamh, rinneadh mínscagadh ar na roghanna maidir le bealach agus Roghanna Bealaí Chéim 2 a bhí iontu ansin. Rinneadh measúnacht agus measúnú ar na Roghanna Bealaí Chéim 2.

### 2.2.3 Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006)

Mar atá lúaite roimhe seo, rinne An Bord Pleanála (ABP) an chuid oirtheach de Sheachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006), ón N6 go dtí an N59, a cheadú sa bhliain 2008. An tráth sin, rinneadh Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe a measúnú ar an tuiscint nach ndéanfadh cailliúint limistéir measartha beag de ghnáthóig thosaíochta Iarscríbhinn I difear docharrach d'iomláine Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe, agus tugadh an scéim ar aghaidh ar bhonn Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga.

Ach rinneadh achomharc chuitig an Ard-Chúirt i gcoinne an chinnidh sin maidir le ceadú na coda oirthearaí a dheonú. Chuaigh an Ard-Chúirt i mbun athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar chinneadh ABP. Dhaingnigh an Ard-Chúirt cheadú ABP ach ceadaíodh achomharc chuitig an Chúirt Uachtarach. Lorg



Rogha Ghlás 1

an Chúirt Uachtarach tuairim Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) faoi léiriú na Treorach maidir le Gnáthóga.

Thug CBAE a breithiúnas ar an 11 Aibreán 2013. Is mar a leanas na conclúidí ar féidir teacht orthu mar thoradh ar an mbreithiúnas sin:

1. Bheadh tionchar dochrach suntasach ag Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006) ar iomláine Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe de bharr 1.5ha de phábháil Aolchloiche a thabhairt chun bealaigh; agus
2. Ós rud é go mbeadh tionchar dochrach suntasach ag Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006) ar iomláine an Limistéir Caomhantais Speisialta fhéideartha, is faoi Airteagal 6(4), seachas faoi Airteagal 6(3), ba cheart an próiseas pleanála a chur i gerích.

Le Breithiúnas an AE (i.e. Cás C-258/11), suíodh go bhféadfadh cailliúin cuid measartha beag de ghnáthóig thosaíochta Iarscríbhinn I difear dochrach a dhéanamh d'iomláine Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe agus, i gcás ina bhfuil ionchas ann go ndéanfar difear dochrach do ghnáthóig thosaíochta Iarscríbhinn I, go bhfuil feidhm ag Airteagal 6(4). Má chinntear go bhfuil feidhm ag Airteagal 6(4), is gá na malairtí is lú damáiste a shainainthint.


Tar éis breithiúnas CBAE a fháil, chuir an Chúirt Uachtarach an cinneadh ó ABP roimhe sin ar neamhní. Dá bhrí sin, rinneadh próiseas forbartha réitigh iompair do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar thart uirthi a thosú athuair ag

Céim 1, is é sin, céim na féidearthachta agus an choinchéapa.

Déantar Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006) a thíolacadh mar chéad rogha maidir le bealach as-líne i bpróiseas forbartha roghanna maidir le bealach i dTionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe ós rud é go ndearnadh é a phróiseáil trí phleanáil roimhe sin agus go raibh eolas suntasach agus mionsonraí suntasacha ar fail faoin rogha sin maidir le bealach (féach Fíor 6 thíos).

Tar éis na suirbhéanna mionsonraithe éiceolaíochta a chríochnú, agus tar éis na criosanna forbartha roghanna agus na staidéir mhionsonraithe ar thrácht a shainiú, bhíothas in ann measúnacht chomparáideach agus rangú a dhéanamh i ndáil le roghanna eile as-líne i gcomparáid leis an Rogha maidir le Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006).

Léirigh anailís iomlán go bhfuil malairtí eile ann a chomhlíonann cuspóirí an tionscadail ar bhealach níos fearr ná mar atá i gceist leis an Rogha maidir le Bealach atá ann i Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006), i dtaca leis an éileamh iompair láithreach a cheapadh, agus ar malairtí iad a bhfuil tionchar níos lú acu ar iomláine Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe. Nuair a dhéantar comparáid leis na criosanna forbartha rogha, i.e. limistéir ar laistigh diobh a bhféadfáí roghanna a fhorbairt, ó thaobh na héiceolaíochta de, is léir freisin go raibh an Rogha maidir le Bealach i Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006) suite lasmuigh de na criosanna sin sa chuid is mó dá fad.



Figúir 6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe 2006 le Tionscadal Iompair do Chathair na Gaillimhe an N6

Is ceart a lua go ndearnadh teorainn Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe a leathnú tar éis an t-iarratas pleinála bunaidh i leith Sheachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe a thaisceadh le ABP agus gurbh é a lean as sin na fad níos mó den Rogha maidir le Bealach i Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006) a bheith ag dul tríd an Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha agus, dá bhrí sin, bhí tionchar níos mó á imirt ar a ionmláine ná mar a samhláiodh sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta maidir le Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006).

Ós rud é go raibh malairtí is lú damáiste ar fáil, ó thaobh ionmláine Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe de, rinneadh cinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2014 gan aon bhreithníu eile a dhéanamh ar Sheachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006).

Le linn gnáthmheasúnacha ar roghanna maidir le bealach i mí na Samhna 2014, rinneadh athbhreithniú athuair ar Sheachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006) lena fháil amach arbh fhiú é a chur san áireamh sa chéad atriall ar roghanna maidir le bealach, ach diúltáiodh dó arís mar go raibh malairtí ba lú damáiste ar fáil. Dá bhrí sin, ní dhearnadh Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006) a chur i láthair ag Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2.

## 2.3 Clár Comhtháite Bainistithe Iompair Chathair na Gaillimhe

De réir mar a cheanglaítear le beartas náisiúnta, tá prionsabail na soghluaiasteachta cliste á n-ionchorprú isteach sa phróiseas dearthóireachta ag an bhfoireann dearthóireachta ón tráth a cuireadh tú leis an tionscadal agus rinneadh taisteal cliste agus bearta iompair a chur san áireamh i gcónaí mar bhearta atá á mbreithniú mar chuid de na malairtí atá ar fáil chun réiteach a fháil ar fhadhb an iompair i gCathair na Gaillimhe agus sna ceantair thart uirthi.

Rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe Staidéar Iompair agus Pleanála na Gaillimhe (SIPG) a cheapadh i gcomhpháirt lena chéile thar roinnt blianta idir 1999 agus 2002 agus ghlac an dá Chomhairle an plean sa bláthain 2003. I bPlean reatha Forbartha Chontae na Gaillimhe (2015-2021), tá cuspóir ann ar dá réir a leanfar de thacú le bainistíu cúramach an fháis i grios comaitéireachta Chathair na Gaillimhe mar atá sainithe in SIPG.

Mar atá luata thus maidir leis an rogha ‘Déan Rud Éigin maidir le hIompair Poiblí’ atá bunaithe ar phleananna láithreacha atá glactha i leith na Gaillimhe, ní sholáthraíonn an rogha sin réiteach dóthanach i ndáil le leibhéal an bhrú tráchta sa chathair a laghdú.


Trí comhairliúchán a chur i geríoch leis na príomh-scairshealbhóirí, lena n-áirítear BIÉ, an túdarás Náisiúnta Iompair, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe, sainaithníodh gá le straitéis

chomhtháite iompair níos leithne do Ghaillimh, ar straitéis í ina sainaithneofar leibhéal na riachtanas seirbhíse do gach modh iompair, lena n-áirítear siúl, rothaíocht, iompard poiblí agus feithiclí priobháideacha.

Beidh measúnacht ann freisin ar na naisc iompair idir an chathair agus na lonnaíochtaí thart uirthi agus, ar an dóigh sin, tabharfar aghaidh ar an éileamh ar iompard poiblí agus ar an éileamh i dtaca le modhanna iompair eile i measc na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sna ceantair thuaithe gar don chathair. Sainaithneoidh an straitéis sraith beart tacáochta, de chineál bonneagair, oibríochta agus beartais, chun cabhair a thabhairt maidir leis an úsáid is mó is féidir a bhaint as taisteal a dhéanamh ar na modhanna is inbhuanaithe chun freastal ar riachtanais taistil reatha na Gaillimhe agus ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo.

Ar bhonn na straitéise sin, ceapfar Clár Comhtháite Bainistithe Iompair ina leagfar amach plean céimíne i gcomhair beart iompair do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar thart uirthi thar thréimhse ionmlán 20 go 30 bliain.

Cé go ndéanfar TICG N6 a ionchorprú isteach in CCBI, próiseas aonair is ea an próiseas roghnaithe bealaigh faoi láthair le gur féidir an chonair is fearr do bhuinneagar breise bóthair a shainiu ós rud é go léiríonn na staidéir atá déanta go dtí seo go mbeidh comhchuid bhóthair ann mar chuid den réiteach foriomlán iompair. Mar chuid den CCBI, tá imscrúdú á dhéanamh maidir le roghanna breise agus/nó malartacha i ndáil le hiompard poiblí, ós rud é go bhfuil suíomh seachas Seachbhóthar Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe (2006) á mholadh don chonair bhealaigh is fearr. Déanfar athbhreithniú ar an rogha maidir leis an mbealach is fearr a chur i geríoch i gcomhthéacs na moltaí sa straitéis leathan iompair do Ghaillimh ag Céim 3 den tionscadal seo – Céim na Dearthóireachta.




Figúir 7 Clár Comhtháite Bainistithe Iompair

## 2.4 Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2

Seoladh Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2 ar an 28 agus ar an 29 Eanáir 2015 agus ar an 3 agus ar an 4 Feabhra 2015 in Óstán Westwood, Gaillimh, agus in Óstán Menlo Park, Gaillimh, faoi seach. Tá Roghanna Chéim 1, a tugadh ar aghaidh chuijg Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2, ar taispeáint i bhFíor 8 thios. Tá uimhir 1 in éineacht le gach rogha ar leith agus tugtar ainm dathchódaithe ar gach rogha ar leith (i.e. Roghanna Chéim 1) agus idirdhealaíonn sé sin iad ón leagan níos déanaí de na bealaí sin inar cuimsiodh modhnuithe ar ailíniú na mbealaí tar éis an chomhairliúcháin phoiblí agus a bhfuil uimhir 2 in éineacht leo (i.e. Roghanna Chéim 2).

Tar éis Chomhairliúchán Poiblí Uimh. 2, cuireadh an t-ábhar taispeántais ar fáil lena iniúchadh san oifig thionscadail ar feadh ceithre seachtaine. Le linn na tréimhse sin, tionóladh líon iolrach cruinnithe comhairliúcháin le cónaitheoirí agus tíneáirí talún, le próimh-gheallsealbhóirí, le cumainn chónaitheoirí agus le páirtithe éagsúla eile a raibh leas acu san ábhar. D'éascaigh an comhairliúchán sin scaipeadh faisinéise agus thug sé deis do dhaoine den phobal aighneachtaí eolasacha a dhéanamh faoin bpróiseas roghnaithe bealaigh. Ba é a bhí sa dáta deiridh i gcomhair aighneachtaí faoi na roghanna bealaigh ná an 6 Márta 2015. Fuarthas tuairim is 1,000 aighneacht le ríomhphost, leis an bpost nó i bpearsa.



Figúir 8 Roghanna Bealaigh Céim 1

### 3 Measúnacht Tráchta, Straitéis maidir le hAcomhail agus Trasghearradh

#### 3.1 Múnla Tráchta a Thabhairt Isteach

Ar mhaithle le measúnú Thionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe (TICG), rinneadh múnla nua il-mhodhanna iompair ar a dtugtar Múnla Eatramhach na Gaillimhe (MEG) a fhobairt go sonrach i gcomhair TICG N6. Tá MEG in ann réamhaisnéis do na blianta amach anseo a sholáthar maidir leis na nithe seo a leanas a bhaineann le scéimeanna bóthair agus iompair phoiblí: éileamh ar thaisteal, sreabhadh tráchta agus faid turais.

Rinneadh comhaireamh tráchta, suirbhéanna ar fhaid turais, suirbhéanna i measc paisinéirí bus agus suirbhéanna ar fhaid turais bus a chur i gcrích i rith mhí na Samhna 2012. Rinneadh an múnla tráchta a chalabhrú ansin chun a chinntíú gur léirigh an múnla na sonraí a bailíodh, agus cuireadh an bailíochtú i gcrích i gcás an sreabhadh tráchta agus na faid turais deiridh a bheith ionadaitheach do na sonraí a bailíodh. Tá sonraí tráchta Bonnbhliana ann sa mhúnla tráchta, ar sonraí iad a gcuirtear fachtóirí fáis i bhfeidhm maidir leo chun teacht ar réamhaisnéisí tráchta do bhlianta amach anseo i gcás bhliain oscailte na scéime (2019) agus i gcás na Blíana Dearaidh (2034). Bainfear úsáid as na blianta réamhaisnéise sin chun measúnacht agus comparáid a dhéanamh maidir le feidhmíocht na roghanna éagsúla, cibé acu roghanna iompair nó roghanna bealaigh.

##### 3.1.1 Pátrúin Láithreacha Tráchta

I bhFíor 9 thíos, taispeántar scéimléaráid chun léiriú a thabhairt ar na pátrúin tráchta i gcás turas i ngluaiseachtaí phríobháideacha go Gaillimh, ó Ghaillimh nó trí Ghaillimh sa Bhonnbhliain 2012 ag an mbuaic-am maidine (sliocht as an múnla tráchta). Léiríonn saigheada dearga gluaiseachtaí a thrasnaíonn Abhainn na Gaillimhe agus léiríonn saigheada glasa gluaiseachtaí nach dtrasnaíonn Abhainn na Gaillimhe. Cuimsíonn na saigheada trácht sa dá threo, agus turais

isteach sna criossanna cathrach agus isteach sna criossanna neamhchathrach, agus amach astu, san áireamh.


San iomlán, trasnaíonn 35% de na turais ghluaisteáin ar fad, isteach i gCathair na Gaillimhe agus thart ar Chathair na Gaillimhe, Abhainn na Gaillimhe. Maidir leis an lín iomlán sin turas trasabhall, trácht nach stadann i nGaillimh is ea tuairim is 9% de (i.e. 3% de 35%). Fanann thart ar 40% de na turais ar an taobh céanna den chathair inar thosaigh siad laistigh den chathair.

Is iad na gluaiseachtaí is mó na gluaiseachtaí ón taobh thiар de Chathair na Gaillimhe go dtí an taobh thoir de Chathair na Gaillimhe agus is ionann a lín agus 20% de na turais ar fad, agus na gluaiseachtaí ó oirtheor Chathair na Gaillimhe go dtí an taobh thiár de Chathair na Gaillimhe arb ionann a lín agus 20% eile de na turais ar fad.

Tugann an analís sin le fios nach mór do TICG N6 freastal ar ghluaiseachtaí ó thaobh amháin den chathair go dtí an taobh eile, chomh maith le trácht tríd an geathair, seachas gnáth-sheachbhóthar a bheith ann chun déileáil le trácht a oireann do sheachbhóthar. Léiríonn an analís seo freisin an tábhacht a bhaineann le réiteach comhtháite lena dtacaítear le hathrú modhanna iompair i gcás gearrthuras comaitéireachta.

##### 3.1.2 Iontaofacht Faid Turais

Rinneadh analís ar fhaid turais a taifeadadh ar phríomhbhealaí thart ar Ghallimh agus sa cheantair thart uirthi chun na faid turais éagsúla le linn tréimhsí buaic-ama agus neamh-bhuaicama a thaispeáint. Is ionann an difríocht idir faid turais buaic-ama agus neamh-bhuaicama agus tomhas ar leibhéal an bhrú tráchta le linn an mbuaic-ama, agus is é a leanann as brú tráchta méadaithe na iontaofacht níos measa ó thaobh faid turais de.



Fíor 9 Pátrúin Taistil ag Buaic-Am Maidine na Bonnbhliana 2012

Taispeánann an mheasúnacht sin ar fhad turais go bhfuil na hamanna taistil ar thrí phríomhbhealach le linn bhuaic-am na maidine dhá oiread, ar a laghad, níos faide ná na hamanna taistil neamh-bhuaicama.

Is míbhuntáiste suntasach é neamh-iontaofacht ama turais i gcás gnóthaí nua ar mian leo lonnú sa cheantar, i gcás na turasóireachta de bharr deacrachaí maidir le hamchláir a sceidealú agus, chomh maith leis sin, i gcás tionscal dúchasach atá ag iarraidh earraí a a chur chuig margáí náisiúnta. In TICG N6, féachtar le déileáil leis an tsaincheist seo trí mhaolú a dhéanamh ar an mbrú trácticaí thrácht a laghdú mar thoradh ar athrú modhanna taistil, ar spás breise bóthair a chur ar fáil agus ar thréthrácht a scaradh ón ghnáth-trácticaí sa chathair.

### 3.1.3 Measúnacht ar Acmhainn Acomhal

Rinneadh measúnacht ar chóimheas na méideanna trácticaí i gcomparáid leis an acmhainn (V/C) ag acomhail faoi rialú soilse trácticaí agus ag timpealláin, agus ag príomhacomhail eile freisin áit a mbuaileann príomhbhóithre lena chéile sa chathair. Tá an táscaire sin fóinteach chun aird a tharraingt ar na hacomhail is cùis le fadhbanna, ós rud é go mbaineann leibhéal na moille agus an bhrú trácticaí ag na hacomhail sin le hacomhainn an acomhail.

Léiríonn an analís seo go bhfuil an gréasán láithreach srianta mar gheall ar acmhainn na n-acmhainne ar fad ar na conairí tábhachtacha lena dtugtar rochtain ar an gcathair, is é sin le rá, Acomhail an N84, an N17 agus an N69 leis an N6 nach leor an acmhainn ina leith faoi láthair ag na buaic-amanna. Tá na hacomhail seo ag oibriú ag leibhéal atá níos mó ná 100% os cionn a n-acmhainne, rud is cùis le moilleanna suntasacha ag na hacomhail seo. Ós rud é gurb iad na hacomhail seo na príomhbhealaí isteach sa chathair agus gurb iad na príomhacomhail iad ar an mbealach imlineach thart ar an gcathair, is saincheist shuntasach í seo do Thairseach na Gaillimhe.

De bhreis air sin, tá tuairim is 40% de na hacomhail go léir ar na bealaí tábhachtacha rochtana ar fud limistéir staidéir na scéime ag oibriú ag leibhéal atá 85% os cionn a n-acmhainne.



Léiríonn sé sin go bhfuil an gréasán ag feidhmiú ag barr a cumais gan ach fíorbheagán acmhainne spártha ann chun déileáil le haon imeacht gan choinne nó le haon fhás nádúrtha. Tá sé sin suntasach mar gur léir go mbeadh ollbhrú trácticaí ar fud na cathrach ann i gcás ina dtarlódh teagmhas gan choinne amhail, timpiste, imeacht suntasach aimsire, bainistíú sealadach trácticaí a bhaineann le gnáthoibreacha cothabhála ar ghréasán láithreach bóthair, ócáidí séasúracha agus laethanta áirithe nuair a bhíonn cluichí ar siúl.

Tá TICG N6 riachtanach chun an fhadhb leanúnach seo atá ann le fada an lá, is é sin, sárú acmhainn bhealach láithreach an N6 agus an ghréasán láithrigh, rud as a leanann ollbhrú trácticaí sa chathair go minic.

### 3.2 Straitéis maidir le hAcomhail

De réir anailís ar éileamh creasach sa mhúnla trácticaí, sainainthníodh go bhfuil naschacht le Contae na Gaillimhe, le hionaid thábhachtacha fostáiochta, leis an gcathair agus le criosanna cónaitheacha, agus rochtain orthu, riachtanach chun ilchuspóirí tionscadail a bhaint amach – faoiseamh ó bhrú trácticaí, sráideanna uirbeacha níos sábháilte, iontaofacht fad turais agus naschacht leis an iarthar. Dá bhí sin, ní mór aon réiteach ar an bhfadhb a bhunú ar rochtain ar an gcathair, agus ar rochtain ar áiteanna lasmuigh den chathair, agus is dóigh go n-áireoidh aon réiteach acomhail a éascaíonn gluaiseacht isteach sa chathair agus amach aisti.

Ina theannta sin, léirigh anailís ar an múnla trácticaí go mbíonn gluaiseacht shuntasach ann idir na ceantair thuaithé agus an chathair feadh na mbealaí náisiúnta ar bhonn laethúil. Tríd an straitéis maidir le hacomhail féachfar le déileáil leis an éileamh taistil seo trí acomhail a chur ar fáil feadh bhealach na scéime.

Maidir le hacomhail a thugann rochtain ar bhonneagar feabhsaithe bóthair, gineann siad tairbhí suntasacha sábháilteachta don ghréasán trí ardmhéideanna trácticaí aistriú chuig na bóithre is sábháilte. Tá deiseanna ann chun tairbhí breise sábháilteachta a bhaint amach trí spás bóthair ar an ngréasán láithreach a sholáthar d'úsáideoirí leochaileacha bóthair. Trí spás láithreach bóthair a ath-leithroinnt, éascófar



soláthar níos fearr ó thaobh iompair phoiblí de, rud a chuirfidh feabhas ar rochtain do gach duine.

Tríd an straitéis maidir le hacombail, féachtar leis an oiread tráctica agus is féidir a astriú chuig an mbonneagar nua bóthair d'fhonn uasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna maidir le hath-leithroinnt spáis bóthair ar an ngréasán láithreach sráideanna ar mhaithe le hiompar poiblí agus úsáideoirí leochaileacha bóthair. Dá bhí sin, ceaptar go ndéanfar acomhail ghrád-scartha a sholáthar ag na comhádai leis an ngréasán bóithre náisiúnta agus go ndéanfar acomhail comhleibhéal a sholáthar de réir mar is gá chun a chinntí go mbíonn nascthacht ann do gach modh taistil agus chun a chinntí go mbaintear an méid is mó úsáide is féidir as an ngréasán iarmharach bóthair ar mhaithe le gach úsáideoir bóthair.


### 3.3 Trasghearradh

Maidir leis an ngá le Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe (2006) a chur in ionad ról an N6/R338 mar atá ann faoi láthair, faightear tacaíocht ina leith i dtéarmaí beartais ó leibhéal náisiúnta go leibhéal áitiúil – déantar an riachtnas sonrach tionscadail a shainiu i dtéarmaí a acmhainne chun réiteach a chur ar fáil i ndáil leis na saincheisteanna láithreacha iompair i gCathair na Gaillimhe agus sna ceantair thart uirthi.


Déantar na méideanna maidir leis an Trácht Meánach, Bliantúil, Laethúil (AADT) a shainiu mar mhéid tráctica dhá-bhealach a úsáideann bóthar i rith na bliana arna roinnt ar an líon laethanta sa bláthain. Baintear úsáid as méideanna AADT mar phointe tosaigh le linn measúnacht a dhéanamh ar sholáthar trasghearrtha ós rud é go soláthraíonn siad táscaire ar an raon sreafáil tráctica ar dá réir is dóigh go bhffrinneofar caighdeán gach carrbhealaigh ó thaobh cúrsáí eacnamaíochta de agus, ag an am céanna, á chur san áireamh nach féidir acmhainní sreabhaidh tráctica a úsáid ina n-aonar ós rud é go mbíonn an acmhainn a bheidh ann sa deireadh ag brath ar chuid mhór fachtóirí eile freisin. Is rud suntasach é acmhainn acomhail i gcás ceantar tuaithe, fo-uirbeach agus uirbeach. I ngach ceann de na cásanna sin, tá oiriúnacht an trasghearrtha chomh spleách céanna ar acmhainn acomhail mura bhfuil sí níos spleáiche uirthi.

Is iad an dá chineál trasghearrtha a breithníodh ag an gcéim thosaigh seo Carrbhealach Singil Chineál 1 (S2) agus Débhealach Chineál 2 (D2AP), agus roghnaíodh iad ar dtús ós rud é gur measadh go raibh na méideanna tráctica laistigh de raon acmhainne na dtrasghearrthaí sin. Is dóigh go gcuimseoidh an trasghearradh débhealach ag an gceann thoir agus laghdófar sin go carrbhealach singil ag an gceann thiar den scéim.

Tá na trasghearrthaí ar taispeáint i **bhFíor 10** agus i **bhFíor 11** thíos.



Figúir 10



Figúir 11


## 4 Measúnacht na Roghanna Féideartha maidir le Bealach

Rinneadh an fhaisnéis a bailíodh ó na staidéir agus ó na suirbhéanna maidir le gach ceann de na roghanna maidir le bealach, agus ó Chomhairliúchán Poiblí Uimh. 2, a chomhordú ionas go bhféadfaí comparáid iomlán a dhéanamh agus conair bhealaigh is fearr a shainaithint. Rinneadh an bealach is dealraithí a roghnófar a chur os comhair an phobail ansin.

Forbraíodh roinnt leasuithe agus athruithe chun feabhas a chur ar dhearthaí agus ar roghanna bealaigh roimhe sin agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a ardaíodh agus ar shaincheisteanna a sainaithniodh. Tá leagan amach Roghanna Chéim 2 ar taispeáint i **bhFíor 12** thíos. Is é is príomhchúis leis na modhnaithe ar na sé rogha maidir le bealach ná laghdú a dhéanamh thionchair ar mhaoin chónaitheach agus ar phobail chónaitheacha.

### 4.1 Measúnacht na Roghanna

Rinneadh measúnú tionscadail ar na roghanna mínsagtha maidir le bealach, is é sin, Roghanna Chéim 2, a chur i gcrích trí úsáid a bhaint as na critéir iolracha atá leagtha amach ag an Roinn Iompair in Treoirlínte maidir le Comhcreat Measúnaithe do Thionscadail agus do Chláir Iompair, Meitheamh 2009. Cuimsíonn na critéir iolracha sin cúrsáí Eacnamaíochta, Sábháilteachta, Rochtana agus Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Comhtháthúcháin Shóisialta.



Figúir 12 Céim 2 Roghanna Bealaigh

Tá achoimre ar mheasúnú foriomlán Roghanna Chéim 2, inar úsáideadh na cúig chrítéar, san áireamh sa Mheasúnú Tionscadal i **Roinn 4.7** thíos. I gcás mheasúnacht Chéim 2, tá trí roinn ann sa mheasúnacht ar na roghanna bealaigh. Síneann Roinn 1 ón R336 go teorainn Chathair na Gaillimhe agus síneann Roinn 2 ó theorainn Chathair na Gaillimhe go dtí an N6 láithreach in oirthearna cathrach. Tá brislíne bhreise ag ceangal an N6 i gCúil Each á hionchorprú chun comparáid a dhéanamh, i gcás mheasúnacht Chéim 2, idir leaganacha amach acomhal ag ceangal an N6. Gairtear Roinn 3 den roinn sin.

Tá conclúidí gach ceann de na measúnachtaí sin le fáil i **Ranna 4.2 go 4.7** thíos.

### 4.2 Measúnú Barainneachta

Maidir leis an grítéar Barainneachta, rinneadh Meastacháin Comparáideacha Rogha a ullmhú agus cuireadh anailís costais is tairbhe i grích i ndáil le gach rogha bhealaigh ar leith. Imríonn fachtóirí amhail fad na rogha bealaigh, fáil maoine agus déanmhais shuntasacha tionchar ar na costais fhioriomlána, agus rannchuidíonn fachtóirí amhail méideanna trácta, nascthacht acomhail agus moilleanna go suntasach le le measúnú thairbhí na scéime, agus is í an ghaolmhaireacht idir costais na rogha bealaigh agus tairbhí na roghanna bealaigh a shainíonn measúnú eacnamaíochta na roghanna bealaigh.

#### 4.2.1 Measúnú Innealtóireachta

Tá an measúnú innealtóireachta ina chuid den mheasúnú eacnamaíochta a mhéid a bhfuil baint ag gnéithe innealtóireachta leis na costais agus leis na tairbhí araon. Is mar a leanas atá an bonn le measúnú gach critéir ar leith:

- Is ionann geoiméadacht agus measúnacht ar chaighdeán ailínithe chothrománaigh agus ingearaigh gach rogha bealaigh ar leith, agus an rogha bealaigh a bhaineann na caighdeán iosta inmhianaithe, nó caighdeán níos airde ná sin, amach á sainiú mar an rogha is is mó fabhar;
- Is ionann fad na roghanna bealaigh agus measúnacht ar an achar taistil feadh an bhealaigh ón gceangal thiar i mBearna go dtí ceangal an N6 san oirtheor, agus an fad is giorra á sainiú mar an ceann is mó fabhar;
- Cuimsíonn an straitéis maidir le hacomhail measúnacht ar sholáthar acomhal i dtéarmaí nascthachta chun trácht a tharraingt chuig an rogha bhealaigh agus, ag an am céanna, chun íoslachdú a dhéanamh ar mhoill tráchta príomhlíne trí rósholáthar acomhal comhleibhéil;
- Trí mheasúnacht a dhéanamh ar na déanmhais, déantar cainníochtú ar an lín ionlán droichead agus tollán, agus measadh gurbh é an rogha bhealaigh ag a raibh an lín is lú déanmhas an rogha is fearr ós rud e gur bhain na costais tógála is ísle agus na costais chothabhbhála leanúnacha is ísle léi;
- Cuimsíonn oibreacha créafóige measúnacht ar an gcothromaíocht idir méideanna gearrtha agus méideanna líonta agus is é an rogha bhealaigh is fearr an bealach lena ngabhall an difríocht is lú i dtaca le méideanna de i.e. an ceann is mó cothromaíocht maidir leis na nithe sin;
- Tá baint ag intóghacht le méid na tógála ar-líne ós rud é go mbíonn comhéadain le ceantair láithreacha chónaitheacha agus le trácht láithreach níos airde i gcás tógála ar-line; Chomh maith leis sin, déantar an chastacht a bhaineann le tógáil tollán a bhreithniú sa mheasúnacht seo; agus
- Tá an mheasúnacht ar thrácht bunaithe ar chumas na rogha maidir le bealach chun cuspóirí an tionscadail a chomhlíonadh, lena n-áirítear nascthachta trasna na cathrach ón oirtheor go dtí an t-iarthar agus a tharraingtí atá an rogha maidir le bealach chun trácht a mhealladh ó ghréasáin sráideanna áitiúla chuig an mbóthar nua a sholathróidh faoiseamh ón mbrú tráchta laistigh de lár na cathrach.

Tá achoimre ar an Measúnacht Innealtóireachta le fáil thíos i dTáblaí 4.2.1.1 agus 4.2.1.2.

Tábla 4.2.1.1 Achoimre Innealtóireachta – Roinn 1

An Rogha maidir le Bealach	Geoiméadacht	Fad	Acomhail	Déanmhais	Oibreacha Créafóige	Intóghacht	Trácht	Measúnacht Fhoriomlán
<b>Dearg 2</b>	I	P	P	I	LP	P	LP	P
<b>Oráiste 2</b>	I	P	P	I	LP	P	LP	P
<b>Buí 2</b>	LP	LP	LP	P	P	I	I	I
<b>Gorm 2</b>	LP	I	LP	I	P	LP	P	LP
<b>Bándezarg 2</b>	LP	I	LP	P	I	LP	P	LP
<b>Glas 2</b>	P	I	I	LP	LP	I	I	I

Tábla 4.2.1.2 Achoimre Innealtóireachta – Roinn 2

An Rogha maidir le Bealach	Geoiméadacht	Fad	Acomhail	Déanmhais	Oibreacha Créafóige	Intóghacht	Trácht	Measúnacht Fhoriomlán
<b>Dearg 2</b>	LP	I	I	LP	LP	LP	P	LP
<b>Oráiste 2</b>	I	P	LP	LP	LP	LP	I	LP
<b>Buí 2</b>	I	I	LP	P	I	I	I	I
<b>Gorm 2</b>	I	I	I	I	I	P	I	I
<b>Bándezarg 2</b>	I	I	I	I	P	P	I	P
<b>Glas 2</b>	P	LP	P	I	I	P	LP	P

Nóta: P = Is Mó Fabhar, I = Idirmheánach, LP = Is Lú Fabhar

Ó thaobh na hinnealtóireachta de, is iad na roghanna is mó is fearr i Roinn 1 Roghanna Dearg 2 agus Oráiste 2 agus, i Roinn 2, Roghanna Glas 2 agus Bándezarg 2 atá ann mar Roghanna is mó fabhar.

Tá an rogha is mó fabhar i dtaca le leagan amach an acomhail ag ceangal an N6 le fáil i Rogha Bánearg 2 ós rud é go dtarlaíonn teacht le chéile na ngluaiseachtaí go léir in ionad ina bhfuil an N6 láithreach an-fheiceáalach sa tírdhreach cheana féin, rud a laghdaíonn na tionchair, ó thaobh tráchta de, ar an timpeallacht glactha ag Sráidbháile Chúil Each. Ina theannta sin, soláthraíonn sé ceann cursa soiléir do cheann thiart an M6.

#### 4.2.2 Anailís Costais is Tairbhe

Rinneadh Anailís Tairbhe is Costais i ndáil le gach rogha maidir le bealach. Ag céim roghnaithe an bhealaigh, déantar measúnacht ar na tairbhí agus ar na costais a bhaineann leis an scéim bheartaithe trí úsáid a bhaint as cuinsi comhaontaithe maidir le fás tráchta. Déantar “Déan an Méid is Lú is Féidir” (i.e. gan leanúint ar aghaidh leis an scéim) a chur i gcomparáid le roinnt rudaí a bhaineann le “Déan Rud Éigin” (i.e. na roghanna a bhaineann leis an scéim) agus, ar an dóigh sin, cinntear an bhfuil na buntáistí a ghabhann le gach rogha ar leith maidir leis an scéim chomh mór sin gur fiú costas na tógála agus na cothabhála amach anseo a sheasamh.

Tá mionsonraí tugtha thusa faoi mheasúnacht innealtóireachta Chéim 2 ar gach rogha ar leith maidir le bealach le go mbeidh tuiscint iomlán ann faoin aschur ó na meastacháin ar chostas agus ón anailís tairbhe is costais.

Tábla 4.2.2.1 Achoimre ar an Anailís Costais is Tairbhe (€'000)

An Rogha maidir le Bealach	PVB	PVC	NPV	BCR	Rangú Foriomlán
<b>Dearg 2</b>	€ 1,094,633	€ 599,911	€ 494,722	<b>1.8</b>	<b>I</b>
<b>Oráiste 2</b>	€ 1,015,315	€ 699,446	€ 315,869	<b>1.5</b>	<b>LP</b>
<b>Buí 2</b>	€ 762,220	€ 363,970	€ 398,250	<b>2.1</b>	<b>P</b>
<b>Gorm 2</b>	€ 853,085	€ 427,190	€ 425,895	<b>2.0</b>	<b>P</b>
<b>Bánearg 2</b>	€ 925,624	€ 417,837	€ 507,787	<b>2.2</b>	<b>P</b>
<b>Glas 2</b>	€ 896,313	€ 431,300	€ 465,013	<b>2.1</b>	<b>P</b>

Mar atá luan roimhe seo, imríonn fachtóirí amhail fad an bhealaigh agus déanmhais shuntasacha tionchar ar na costais fhioriomlána, agus, ag an am céanna, rannchuidíonn fachtóirí amhail méideanna tráchta, naschacht acomhal agus moill go mór leis an meastachán ar thairbhí na scéime, agus is é an ghaolmhaireacht idir costais na rogha maidir le bealach agus na tairbhí a ghabhann leis rogha maidir le bealach a shainíonn an measúnú eacnamaíochta ar an rogha maidir le bealach.

Tá rangúchán na hanailise costais is tairbhe á thabhairt ar aghaidh, faoin grítéar Barainneachta, mar chonclúid i ndáil le measúnacht Roghanna Chéim 2 ós rud é go léiríonn sé carnadh na bhfachtóirí a rannchuidíonn leis an measúnú eacnamaíochta. Léiritear sa rangúchán seo na Roghanna Bánearg 2, Glas 2 agus Buí 2 mar na roghanna is mó fabhar, Rogha Bealach Dearg 2 mar rogha idirmheánach agus Rogha Bealach Oráiste 2 mar rogha is lú fabhar.

#### 4.3 Measúnú Sábhálteachta

Rinneadh measúnacht, i dtéarmaí tairbhí sábhálteachta, ar gach ceann ar leith de na sé rogha maidir le bealach. Rinneadh Iniúchadh neamhspleách Sábhálteachta Bóthair i ndáil le gach rogha ar leith chun tionchair na roghanna maidir le bealach ar shábhálteach bhóthair a leagan amach. Baineadh úsáid as roinnt critéar chun measúnacht5 a dhéanamh ar na roghanna, amhail fad an bhealaigh, rioscaí maidir le hiombhualadh, am taistil, rialú ar rochtain, an lón déanmhas, geoiméadracht, tarraigteach, comhsheasmhacht agus soláthar maidir le húsáideoirí bóthair leochailleacha. Ar bhonn na grítéar sin, ba é Rogha Bánearg 1 an rogha ab fhéarr agus, chomh maith leis sin, léirigh Roghanna Gorm 2 agus Glas 2 tairbhí móra sábhálteachta. Ba lú fabhar Roghanna Buí 2 agus Oráiste 2 agus ba é Rogha Dearg 2 an ceann ba lú fabhar ar fad.

I dtaca le measúnacht eacnamaíochta ar na tairbhí sábhálteachta de, beidh tairbhí sábhálteachta ann mar thoradh ar na roghanna go léir ós rud é go meastar go mbeidh tairbhí suntasacha sábhálteachta ann don ghréasán de bharr ardleibhéal tráchta a bheith á n-aistriú chuig bóithre atá níos nua agus níos sábhálte. Is iad na roghanna ar-líne agus ar-líne go páirteach, amhail Dearg 2, Buí 2 agus Oráiste 2, na Roghanna ar dá réir a aistrítear an leibhéal is airde tráchta chuig bóithre atá níos nua agus níos sábhálte.

Nuair a bhrefithnítear an t-aistriú tráchta ina aonar, léireoidh na roghanna sin luach eacnamaíochta níos airde, ó thaobh tairbhí sábhálteachta de, ná mar a dhéanann Roghanna Gorm 2, Bánearg 2 agus Glas 2. Ach, mar thoradh ar aistriú tráchta chuig gréasán nua, déantar ath-leithroinnt spáis bóthair ar an ngréasán láithreach a éascú freisin, rud nach meastar mar chuid den mheasúnacht eacnamaíochta ar na tairbhí sábhálteachta ag an gcéim seo den dearadh.

Dá bhí sin, tá rangú comhionann á thabhairt faoi láthair do na bealaí go léir ó thaobh na sábhálteachta de ós rud é gur féidir leis na roghanna go léir tairbhí suntasacha sábhálteachta a sholáthar.

## 4.4 Rochtain agus Uilechuimsitheacht Shóisialta

Trí Rochtain agus Uilechuimsitheacht Shóisialta, féachtar le feabhas a chur ar shaoráidí dóibh sin nach bhfuil gluaisteán acu agus le laghdú a dhéanamh ar easpa rochtana. Léiríonn na treoirínté gur ceart gur é a bheadh i gceist le measúnuithe ná measúnacht ar na tionchar a bheadh ag bóthar ar ghrúpaí leocheileacha daoine agus ar limistéir gheografacha atá faoi mhíbhuntáiste.

Ligfidh na roghanna ‘Ná Déan Aon Rud’ agus ‘Déan an Méid is Lú is Féidir’ don trácht leanúint de bheith ag méadú ar an ngréasán láithreach agus cuirfidh siad bac ar an bhféidearthacht go gcuircfear feabhas ar na roghanna maidir le hiompar poiblí ós rud é go mbeidh an acmhainn srianta. Dá bhrí sin, ní thabharfaidh na roghanna sin maidir le bealach aon fhéidearthacht go gcuircfear feabhas ar an athrú modha taistil go hiompar poiblí ná ní fhágfaidh siad gur fearr an ríocht ina bhfuil daoine nach bhfuil rochtain acu ar fheithicil phríobháideach.

I ngach ceann de na roghanna maidir le bealach, féachtar leis na saincheisteanna iompair i nGaillimh a réiteach rud a scaoilfidh acmhainn chun tuilleadh feabhas a chur ar an ngréasán iompair phoiblí agus, dá bharr sin, tabharfar trácht amach as sráideanna na cathrach. Mar thoradh air sin, beifear in ann feabhas a chur ar shráid-dreacha chun a chumasú d’oibrithe/leanáí scoile comaitéireacht a dhéanamh trí shiúl agus trí rothaíocht, agus, sa tszlí sin, laghdófar an céatadán an-ard turas gearr comaitéireachta i ngluaisteán trí thimpeallacht shábháilte a chur ar fáil chun athrú a dhéanamh ar nósanna.

Dá bhrí sin, éascóidh na roghanna go léir maidir le bealach soláthar iompair phoiblí fheabhsaithe go feadh méid i bhfad níos mó i nGaillimh trí mhaolú a dhéanamh ar bhrú tráchta agus trí acmhainn a scaoileadh.



## 4.5 Measúnú Comhshaoil

Ní mór go mbeidh gach cinneadh ailínithe le beartas an Rialtais chun a chinntí go bhfuil an tionscadal i gcomhréir le comhtháthú úsáide talún, le comhtháthú geografach agus le beartais eile Rialtais. Ní mór go mbeidh roghanna a sholáthraíonn réiteach ar shaincheisteanna iompair i nGaillimh comhoiriúnach le cuspóirí an Rialtais i ndoiciméid bheartais Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla.

Tá sé mar aidhm ag comhtháthú tráchta naisc níos fearr bóthair idir príomh-lárionaid, nascthacht níos fearr idir bóithre agus modhanna eile, iompair poiblí níos fearr agus rochtain níos fearr ar bhonneagar eile iompair, amhail calafoirt agus aeroírt, a sholáthar. Tá sé de chumas ag na roghanna go léir maidir le bealach feabhas a chur ar iompair poiblí trí bhealaí níos tapa agus níos iontaofa a sholáthar, ar an leibhéal is airde chun Cathair na Gaillimhe a nascadh le mórchathracha eile agus, chomh maith leis sin, ar leibhéal áitiúil trí fhaoiseamh a thabhairt i leith cúrsai acmhainne a mhéid a bhaineann le tuilleadh seirbhísí áitiúla bus a sholáthar. Tá sé sin i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2002 ina leagtar amach an gá le feabhas a chur ar ghréasán iompair na hÉireann chun rochtain agus forbairt réigiúnach a fheabhsú. Agus tacóidh sé sin le forbairt chothrom réigiúnach trí na ceantair san Iarthar lena mbaineann a athbheochan.

Chomh maith leis sin, tacaíonn an Plean Forbartha Náisiúnta le forbairt na réigiún go léir in Éirinn laistigh de chreat comhordaithe, comhleanúnach lena ngabhann tairbhí frithpháirteacha, agus forbairt chothrom réigiúnach ann mar chuid lárnach de straitéis infheistiochta an Phleán. Tá tuilleadh tacaíochta ina leith sin le fáil sna Treoirínté Pleanála Réigiúnai.

Féachann Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe agus Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe le naisc níos fearr leis an ngréasán trasnáisiúnta a chur ar fáil, le faoiseamh a thabhairt do limistéir ina mbíonn brú tráchta, le hilrogha ó thaobh modhanna taistil a chur ar fail agus le feabhas a chur ar leibhéal sábháilteachta ar gach bóthar poiblí, agus is é a leanfaidh as na nithe sin go léir ná margáil a tharraingt níos gaire dá chéile agus an bhearna atá ann mar gheall ar shuíomh imeallach réigiúnach a dhúnadh.

Dá bhrí sin, cuirfidh na roghanna go léir maidir le bealach feabhas ar chomhtháthú i nGaillimh trí mhaolú a dhéanamh ar bhrú tráchta agus trí acmhainn a scaoileadh, ar nithe iad sin nach soláthraítear mar thoradh ar ‘Ná Déan Aon Rud’ agus ‘Déan an Méid is Lú is Féidir’.

### 4.6.1 Éiceolaíocht

Le linn an t-ord tosaíochta ó thaobh na héiceolaíochta de a chinneadh, príomhfhachtóir ab ea cumas gach ceann ar leith de na roghanna maidir le bealach chun tionchar a imirt ar Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe, ós rud é gurb é an t-aon láithreán Eorpach ainmnithe amháin é atá laistigh de limistéar staidéir na scéime agus nach mór do gach rogha maidir le bealach é a thrasnú, agus ós rud

---

é go bhfuil sriantachtaí dlíthiúla ann a bhfuil feidhm acu i ndáil le láithreáin Eorpacha atá cosanta faoi Airteagal 6(3) de Threoir 92/42/CEE an AE maidir le Gnáthóga, de réir mar atá trasúiomh déanta i leith na Treorach sin isteach i ndlí na hÉireann agus de réir léiriú na Treorach sin sa chás-dlí ionchuí.

As na sé roghanna bealaigh a bhrefithnítear sa tuarascáil seo, measadh gur dócha go mbeadh drochthionchar ag péire acu ar shláine Limistéar Caomhantais Speisialta féidearthá Loch Coiribe (Roghanna Glas2 agus Buí 2). Measadh ceithre cinn a bheith comhionann maidir leis an deis go bhféadfadh siad drochthionchar a imirt ar shláine láithreáin Eorpacha (Roghanna bealaigh Dearg 2, Oráiste 2, Bándearg 2 agus Gorm 2).


Chomh maith le breithniú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na roghanna bealaigh ar Limistéar Caomhantais Speisialta féidearthá Loch Coiribe agus iad á rangú, rinneadh breithniú freisin ar thionchair éiceolaíochta eile ar ghabhdóirí éiceolaíochta eile chun an t-ord tosaíochta a chinneadh.

## Roinn 1

Is iad Roghanna Oráiste 2 agus Dearg 2 na roghanna is mó fabhar i Roinn 1 ó thaobh na héiceolaíochta de.

## Roinn 2

Is é Rogha Oráiste 2 ceann de na ceithre rogha bealaigh nach mbeadh drochthionchar aige ar shláine an Limistéar Caomhantais Speisialta féidearthá seo agus is é an rogha is mó fabhar ar fad (Roinn 1-3 le chéile) ó thaobh na héiceolaíochta de ós rud e go seachnaíonn sé tionchair dhíreacha ar Limistéar Caomhantais Speisialta féidearthá Loch Coiribe. Chomh maith leis sin, ó tharla go bhfuil fad suntasach den Rogha Oráiste 2 seo suite go formhór ar-líne nó faoi thalamh, is lú a thionchar ar chuid mhór de na gabhdóirí eile éiceolaíochta a sainaithníodh laistigh de limistéar staidéir na scéime.



Is é an chéad rogha eile is mó fabhar Rogha Dearg 2 mar gheall, ainneoin é a bheith ar cheann de na roghanna nach mbeadh drochthionchar aige ar Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe, go mbeadh roinnt oibreacha laistigh de theorainn an Limistéir Chaomhantais Speisialta féideartha i gceist leis. I gcomparáid leis na Roghanna Gorm 2 agus Bán-dearg 2, áfach, beidh níos lú tionchair ar Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe. Is aici a bheadh an tionchar is lú ar ghnáthóga Iarscríbhinn I ar fud limistéar staidéir na scéime as na roghanna go léir agus, mar gheall gur ar líne go príomha atá sí, is dóigh gur aici a bheadh an tionchar is lú ar fhormhór na ngabhdóirí éiceolaíochta eile.

Tagann Roghanna Bán-dearg 2 agus Gorm 2 sa chéad áit eile san ord rangúcháin ós rud é, cé nach mbeadh drochthionchar acu ar shláine Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe agus go seachnaíonn siad aon tionchair dhíreacha ar ghnáthóga Iarscríbhinn I laistigh de Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe, go leanfaidh cailliúint gnáthóige éigin astu laistigh den láithreán ainmnithe. Ach tá an seans go mbeidh cailliúint den sórt sin ann níos lú ná mar atá i gceist le Roghanna Glas 2 agus Buí 2. Is airde fabhar Gorm 2 ná Bán-dearg 2 de bharr an loirg is lú a fhágatar laistigh de Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe agus de bharr an tionchair níos lú ar ghnáthóga Iarscríbhinn I atá ann sa roinn seo. Is dóigh gurb iad na roghanna seo maidir le bealach, agus Roghanna Glas 2 agus Buí 2 freisin, a bheidh ina gcúis leis na tionchair is mó ar lón áitiúil na gCrú-iltóig beag agus ar an lón áitiúil Scréachóg reilige.

Tá Rogha Glas 2 sa chéad áit eile san ord rangúcháin, ceann den dá roghan is dócha a bheidh drochthionchar acu ar shláine Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe. Is mó fabhar í ná Rogha Buí 2 mar gheall gur lú tionchair ar ghnáthóga Leasanna Cáilitheacha a bhaineann léi.

Ós rud é gurb í an rogha í lena ngabhann an cumas is mó maidir le tionchair ar ghnáthóga Leasanna Cáilitheacha Iarscríbhinn I laistigh de Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe, is é Rogha Buí 2 an rogha is lú fabhar.

### Roinn 3

Tá dhá phríomhshriantacht éiceolaíochta ann maidir le sainaithint an acomhail is mó fabhar leis an N6 san oirtheart: tionchair ar ghnáthóga Iarscríbhinn I agus tionchair ar an lón áitiúil Scréachóg reilige. Ós rud é gur ag Rogha Glas 2 atá an cumas is mó chun difear a dhéanamh don lón áitiúil Scréachóg reilige agus go n-imríonn Rogha Bán-dearg 2 tionchar ar na limistéir is fairsinge ina bhfuil gnáthóga Iarscríbhinn I, meastar gurb iad an dá rogha sin na cinn is lú fabhar. Dá bhrí sin is fearr Roghanna Gorm 2, Dearg 2, Oráiste 2 agus Buí 2 ar an mbonn go bhfuil an an chailliúint gnáthóige níos lú ná mar a bheadh i gceist le Rogha Bán-dearg 2 ach níos mó ná mar a bheadh i gceist le Rogha Glas 2 agus gur lú an cumas chun tionchar a imirt ar an Scréachóg reilige ná mar is dócha i gcás Rogha Glas 2.

Tá achoimre ar na measúnachtaí sin le fáil sna maitrísi i **Roinn 4.6.13** thíos.

### 4.6.2 Ithreacha agus Geolaíocht

Is iad seo a leanas na príomhfhachtóirí i dtaca le hithreacha agus geolaíochta de:

- Doimhneacht na bpríomhghearrthaí agus airde na gcodanna atá le lónadh;
- Fad na dtollán agus modheolaíochtaí tógála tollán (i.e. ní mar an gcéanna an scéal i gcás tollán de chineál gearrtha agus clúdaithe agus tollán de chineál tollta); agus
- Tionchar talún boige agus cumas an réitigh theicniúil chun déileáil leis sin.

Ina theannta sin, déantar measúnacht ar gach ceann ar leith de na roghanna faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Dálaí agus gnéithe talún i Limistéir Aolchloiche Carstaí;
- Úsaíd Talún roimhe seo;
- Geolaíocht Eacnamaíochta; agus
- Limistéir Oidhreachta Geolaíochta.

### Roinn 1

Ar fud Roinn 1, tá na roghanna maidir le bealach comhchosúil go mór lena chéile gan ach difriochtaí imeallacha ann idir na roghanna..

### Roinn 2

Maidir le Roinn 2, tá Rogha Glas 2 rud beag níos fearr ná Roghanna Buí 2, Gorm 2 agus Bán-dearg 2. Níl tollán de chineál tollta ná de chineál gearrtha agus clúdaithe i gceist le Rogha Glas 2 agus níl na rioscaí a ghabhann le tollánú i gceist léi. Ach tá an trasnú Abhainn na Gaillimhe suite i limistéar talún boige agus is dócha go mbeadh gá le fothai casta píle i limistéar ina bhfuil méideanna móra ithreach boige.

Tá suíomh thrasnú Abhainn na Gaillimhe i gcás Roghanna Bán-dearg 2, Gorm 2 agus Buí 2 níos fabhraí ná mar i gceist le Rogha Glas 2. Is dócha go mbeadh buncharraig ann ag leibhéal 5m go 10m faoi bhun an dromchla. Is mó an riosca a bhaineann leis na ranna tollán i Roghanna Bán-dearg 2, agus Gorm 2 ná mar atá ann, ag an gcéim seo, i gcás Rogha Buí 2.

Tá Rogha Dearg 2 suite go formhór i dtimpeallacht uirbeach agus áiríonn sí tollán i gceantar cónaitheach, agus beidh gá le tochailt eibhir ina leith chun doimhneacht chuí tochailte a bhaint amach. Téann an rogha seo maidir le bealach thar Abhainn na Gaillimhe agus téann sé trí ithreacha an-bhog, in-chomhbhrúite i nGleann Abhann Thír Oileáin agus is dócha go mbeidh ga le fothai píle nó bearta suntasacha feabhsaithe talún ina leith.

Maidir le Roinn 2, is í Rogha Oráiste 2 an rogha is lú fabhar ó thaobh cúrsaí ithreach agus geolaíochta de. Mar chuid den rogha seo, ní mór tollán de chineál tollta a thógáil trí chineálacha éagsúla dálaí buncharraige.

## Roinn 3

Is iad Roghanna Glas 2 agus Bándezarg 2 na roghanna is mó fabhar i Roinn 3.

Tá achoimre ar na measúnachtáí sin le fáil sna maitrísi i **Roinn 4.6.13** thíos.

### 4.6.3 Hidrigeolaíocht

Rinneadh measúnacht ar na roghanna maidir le bealach chun tionchair ionchasacha ar ghnéithe hidrigeolaíochta, ar shreabhadh screamhuisce agus ar cháilíocht screamhuisce a shainaithint, is é sin le rá, tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ina dhiaidh seo ar ghabhdóirí amhail éiceachórais talún atá ag brath ar screamhuisce (GWDTE) nó ar astarraingt screamhuisce lena ngabhfadh tionchair ionchasacha éagsúla ag brath ar gheolaíocht an limistéir faoi bhun an dromchla.

Tá codarsnacht mhór ann idir na saintréithe hidrigeolaíochta atá ann san iarthar agus san oirtheas. San iarthar (Roinn 1 agus cuid de Roinn 2), is iondúil go bhfuil conairí teoranta sreabhaidh ag na huiscígh laga buncharraige bionn siad ina gcúis le linnte a bheith ann os cionn cheann na carraige agus sna fo-ithreacha. San oirtheas (cuid de Roinn 2 agus Roinn 3 ar fad), is uiscioch lena ngabhann tábhacht réigiúnach é an aolchloch agus téann an t-athlónadh go léir isteach sa talamh. I dtaca leis sin de, tá stóráil shuntasach ann in aolchlocha an oirthir agus tá an stóráil measartha íseal in eibhir an iarthair. Ós rud é gur uiscioch carstach é an t-uiscioch aolchloiche, tá ard-nascfhacht ann trí scoilt-chonairí agus trí sheol-chonairí agus, ina theannta sin, áiríonn siad sin tírghnéithe dromchla amhail foinsí uisce, turlaigh agus loig iata.



I measc na ngabhdóirí a bhféadfadh athruithe ar shreabhadh, ar leibhéal nó ar cháilíocht an screamhuisce tionchar a imirt orthu, áirítear GWDTE agus astarraingtí.

I measc na bpriomh-GWDTE-anna sa chuid oirtheach de limistéar staidéir na scéime, áirítear Lochanna Chúil Each, Loch an Dúlaigh, limistéar réisc agus féaraigh fliuch i dTír Oileáin, ceithre thurlach agus mórláthair bhogaigh ar cuid de Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe í. I measc na bpriomh-GWDTE-anna sa chuid iartharach de limistéar staidéir na scéime, áirítear fraochmhánn agus mórláithreacha portaigh agus cuid de Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe. Is dóchúla go mbeidh na gnéithe san iarthar níos iogairí i ndáil le hathruithe suntasacha sa sreabhadh screamhuisce agus, ag an am céanna, is dócha go mbeidh an t-athlónadh isteach sna portaigh agus sna fraochmhánn fliucha sa chuid iartharach de limistéar staidéir na scéime ag brath ar screamhuisce agus, ar bhonn logánta, ar shocrú screamhuisce nó ar fhoirmiú linnte ó screamhuisce.

D'fhéadfadh sé gurb é atá in astarraingtí screamhuisce ná foinsí uisce, toibreacha nó tollphoill a úsáideann úsáideoirí tís, talmhaíochta, tráchtála, tionscail, údaráis áitiúil nó grúpscéimeanna uisce. D'fhéadfaí tionchar a imirt ar astarraingtí mar thoradh ar laghdú ar leibhéal an screamhuisce, rud a laghdaíonn an soláthar atá ar fáil, agus mar thoradh ar mheath cháilíocht an screamhuisce. Ar leith ó dhá phríomh-astarraingt, is é sin le rá, grúpscéim uisce atá suite i gCnoc na Cathrach san iarthar agus tobar soláthair tionscail do mhaoin tráchtála san oirtheas, meastar na hastarraingtí eile a bheith á n-úsáid go leithleach chun críoch talmhaíochta nó tís.

## Roinn 1

Seachnaíonn na roghanna bealaigh go léir i Roinn 1 WDTE agus is é atá san fhachtóir idirdhealaitheach idir na roghanna ná gaireacht na ngearrthaí do WDTE. Is iad Roghanna Oráiste 2, Bándezarg 2 agus Glas 2 na roghanna ag a bhfuil an cumas is lí ó thaobh tionchar de agus is iad sin is airde rangú.



## Roinn 2

Tá gearrthaí i Roinn 2 i gceist leis na roghanna go léir, ar gearrthaí iad a bhféadfadhl tionchar suntasach a bheith acu ar ghabhdóir. D'fhéadfadhl tionchar suntasach/trom a bheith ag Roghanna Bándearg 2 agus Gorm 2 ar WDTE ag Lochanna Chúil Each ón tollán atá beartaithe ag Cairéal Leacaigh. Mar sin féin, má úsáidtear rialuithe foirgníochta agus teicníci tollánaithe nua-aimseartha, beidh an baol go mbeidh tionchar ag an tollán ar an gcóras hidrigolaíoch atá ann chomh híseal agus atá praiticiúil go réasúnach, rud a d'fhéadfadhl laghdú go dtí measartha a chur ar na tionchair hidrigolaíocha ar thionchair sealadacha iad. Meastar go bhfuil tionchar ionchasach suntasach ag na Roghanna Bándearg 2 agus Gorm 2 ar astarraingt mhór screamhuisce gar do Bhaile an Dúlaigh. Dá bhrí sin, is iad Roghanna Bándearg 2 agus Gorm 2 na roghanna is lú rangú i Roinn 2. Tar éis measúnacht a dhéanamh, meastar gurb í Rogha Dearg 2 an rogha is mó fabhar.

## Roinn 3

Tá sé de chumas ag na gearrthaí go léir i Roinn 3 tionchar beag a imirt ar astarraingt screamhuisce atá gar dóibh ach is beag na difríochtaí idir na ranguithe i ndáil le hacomhal N6.

Tá achoimre ar na measúnachtaí sin le fáil sna maitrísi i Roinn 4.6.13 thíos.

### 4.6.4 Hidreolaíocht

Rinneadh measúnacht ar na roghanna maidir le bealach chun tionchair ionchasacha ar ghnéithe hidreolaíocha, ar shreabhadh screamhuisce agus ar cháilíocht screamhuisce a shainainthint. Is iad seo a leanas na príomhrudaí a breithníodh i leith cúrsáid hidreolaíochta:

- Sruthchúrsaí agus trasnú lochanna (lochanna buana agus lochanna séasúracha) agus cúngrú tuilemhánná, go háirithe Abhainn na Gaillimhe, agus tionchair ar cháilíocht an uisce;
- Saincheisteanna maidir le Draenál Bóithre – limistéar uirbithe, caidéalú draenála tolláin, easpa draenálacha dromchla sa roinn oirtearach de limistéir staidéir na scéime agus gaireacht do shruthanna ar mhaith le sruthanna éalaithe a chur ar fáil;
- Limistéar Riosca Tuilithe (foinsí tulite de chineál báistiúil, srutha, screamhuisce agus cósta);
- Soláthar Uisce Poiblí – astarraingt uisce óil ag Gléasra Cóireála Uisce Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i dTír Oileáin; agus
- Imríonn hidréiceolaíocht tionchar ar ghnáthóga agus ar speicis uisceacha amhail Fraochmhá fhliuch, Bratphortach, Idirsheascainn, Fraochmhánná fliucha, Eanaigh chailcreacha, Uiscí salmanaise agus láithreáin Natura 2000 (Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Loch Coiribe agus Limistéar Caomhantais Speisialta féideartha Mhórláthair Chuan na Gaillimhe).

Maidir leis na trí roinn ar fad, agus ó thaobh na hidreolaíochta de, tá gach ceann de na roghanna inghlactha agus ní bheidh siad ina gcúis le haon tionchar suntasach hidreolaíochta nach féidir é a mhaolú.

Ach, laistigh de Roinn 1, is é Rogha Dearg 2/Oráiste 2 an rogha is mó fabhar. Laistigh de Roinn 2, is é Rogha Oráiste 2 an rogha is mó fabhar agus tá Rogha Bándearg 2 sa dara háit. Laistigh de Roinn 3, is é Rogha Glas 2 an rogha is mó fabhar agus is é Rogha Bándearg 2 an rogha is lú fabhar.

### 4.6.5 Tírdhreach agus Radharcra

Mar thoradh ar fhorbairt aon cheann de na roghanna maidir le bealach, beidh dúshlán suntasach ann i dtaca le cúrsái tírdhreacha/bailedhreacha agus timpeallachtaí ardscéimhe ó thaobh radhairc de. Is léir go mbeidh tionchair dhiúltacha an-suntasach ar an tírdhreach agus ar an radharcra ann, le linn chéimeanna na tógála agus an oibrithe, mar thoradh ar gach uile cheann de na roghanna maidir le bealach Is amhlaidh an scéal mar gheall ar chineál srianta an tírdhreacha fhisiciúil – agus é brúite isteach i limistéar idir an chathair ar an taobh theas agus Loch Coiribe ar an taobh thuaidh; mar gheall ar tharraingteach agus ar cháilíocht an tírdhreacha áitiúil - agus go háirithe conair na habhann/an locha; mar gheall ar mhéid forbartha agus seanbhunaithe fhobhailte na cathrach, ina bhfuil meascán ilchineálaíoch úsáidí talún, mar atá úsáidí cónaitheacha, tráchtála, pobail, spáis oscailte agus sóisialta; mar gheall ar ghnéithe ailtireachta agus cultúir a bheith ann; agus, go príomha, mar gheall ar a mhéid forbartha cónaithí agus ar dhlús na forbartha cónaithe atá ann - bheith teoranta dó sin - agus í ag lethadh amach feadh bóithre áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta ar fud limistéar staidéir na scéime, agus idir na bóithre sin.

## Roinn 1

Laistigh de Roinn 1, níl ach difríocht imeallach ann idir na roghanna éagsúla maidir le bealach.



## Roinn 2

I gcodarsnacht leis sin, is iondúil gur leithne, gur déine agus gur faide ré agus scála na tionchair laistigh de Roinn 2. Fágann déine na roghanna maidir leis an mbealach beartaithe, in éineacht le cineál, scála agus ré an tionchair gurb iad Roghanna Dearg 2, Buí 2, Gorm 2 agus Glas 2 na roghanna is lú fabhar i dtaca le cursaí tirdhreacha/bailedhreacha agus radharcra de. Cé go bhfuil roinnt tionchar an-suntasach ann i gcás Rogha Bán-dearg 2, ó thaobh cursaí tirdhreacha/bailedhreacha agus radharcra de, rangaítear Rogha Bán-dearg 2 mar rogha idirmheánach. Mar thoradh ar fhad an tolláin thollta atá ann – agus d'ainneoin tionchair an-suntasach tógála a bheith ann ag láithréain tairisí - meastar gurb é Rogha Oráiste 2 an rogha is mó fabhar i dtéarmaí eifeachtaí tirdhreacha/bailedhreacha agus radharcra.

## Roinn 3

Laistigh de Roinn 3, níl an difriocht idir na roghanna maidir le bealach chomh soiléir céanna agus, ag an am céanna, tionchair logánta atá ann mar thoradh ar Rogha Bán-dearg 2 a bheith i limistéar ina bhfuil an t-acomhal suite in ionad an-fheiceálaich cheana féin.

Tá achoimre ar na measúnachtaí sin le fail sna maitrísi i

### Roinn 4.6.13 thíos.

## 4.6.6 Oidhreacht Seandálaíochta, Ailtireachta agus Cultúir

Rinneadh measúnacht mhionsonraithe ar na roghanna maidir le bealach chun tionchair ionchasaach ar acmhainní seandálaíochta, ailtireachta agus oidhreacht cultúir a shainaithint. Is iad seo a leanas na príomhrudáí a breithníodh:

- Séadchomharthaí Náisiúnta faoi chaomhnóireacht nó faoi úinéireacht an Stáit; Faigheann séadchomhartha náisiúnta cosaint reachtúil. Níl aon séadchomharthaí náisiúnta suite laistigh d'aon cheann de na roghanna maidir le bealach atá á mbreithniú;
- Láithreáin atá cosanta faoi Orduithe Buanchóimeádta agus/nó faoi Orduithe Buanchóimeádta Sealadacha ós rud é go meastar go bhfuil baol diobhála nó díothaithe ann ina leith. Tá Orduithe Buanchóimeádta ann i leith ceithre láithreáin atá suite laistigh de chonairí na roghanna maidir le bealach atá á mbreithniú;
- Tírdhreacha diméine, go háirthe Caisleán Mhionlaigh;
- Déanmhais chosanta atá sainaitheanta i bPleananna Forbartha na Cathrach agus an Chontae, is é sin le rá, Caisleán Mhionlaigh agus Teach Pháirc na Sceach;
- Tithe ceann tú atá liostaithe mar dhéanmhais chosanta laistigh de shráidbhaile Mhionlaigh;
- Srianactaí seandálaíochta atá suite laistigh de Ráschúrsa na Gaillimhe, is é sin, lonnaíocht mheánaoiseach thréighe, túrtheach, imfhálú, lios agus teach gan dáta. Séadchomharthaí taifeadta atá i gceist sna láithreáin go léir agus tá tuilleadh cosanta acu faoi Orduithe Buanchóimeádta; agus
- Imfhálú eaglasta ionchasach (mar aon le láithreán teampaill agus reilige) i Ráthún, agus é bainteach leis an tréimhse mheánaoiseach.



## Roinn 1

Is iad Roghanna Dearg 2 agus Oráiste 2 is mó fabhar i gcomhair Roinn 1 agus rangaitear na ceithre rogha eile mar roghanna idirmhéánacha.

## Roinn 2

Is í Rogha Glas 2 is lú fabhar i Roinn 2 ós rud é gurb é an bealach is faide é agus go bhfuil an méid is mó tionchair dhírigh aige ar acmhainní seandálaíochta, ailtireachta agus oidhreachta cultúir, idir acmhainní atá taifeadta agus acmhainní nach raibh taifeadta roimhe seo. Tá tionchar aige ar Chaisleán Mhionlaigh, ar Shráidbhaile Mhionlaigh agus ar thrí thírdhreach diméine gar don N59, is é sin le rá, Caisleán Mhionlaigh, Mainistir Glenlo agus Teach Pháirc na Sceach. Tá Rogha Dearg 2 san aicme is lú fabhar freisin de bharr an tionchair atá aici ar láithreán taifeadta teampaill, ar reilig agus ar imfhálú eaglasta laistigh de sheandiméin Theach Ráthúin.

Is í Rogha Oráiste 2 an rogha is mó fabhar i Roinn 2 ó thaobh na seandálaíochta, na haitireachta agus na hoidhreachta cultúir de ós rud é nár sainaithníodh aon tionchar trom ar acmhainní seandálaíochta nó oidhreachta foirgnithe. Tá achoimre ar na measúnachtaí sin le fáil sna maitrísi i **Roinn 4.6.13** thíos.

## 4.6.7 Sócmhainní Ábharacha - Talmhaíocht

Rinneadh measúnacht ar gach ceann ar leith de na roghanna maidir le bealach chun a fháil amach an raibh tionchair ionchasacha acu ar thalamh thalmhaíochta, ar chlóis feirme agus ar fhiontair eachaíochta. Is iad na roghanna lena ngabhall an bealach is giorra agus na roghanna de chineál níos uirbí na roghanna as a leanfaidh an méid is lú damáiste ó thaobh na talmhaíochta de.

## Roinn 1

Laistigh de Roinn 1, is iad Roghanna Dearg 2 agus Oráiste 2 na roghanna is mó fabhar. Meastar go bhfuil na roghanna go léir eile maidir le bealach inghlactha mar go bhfuil na roghanna ar fad suite ar thimeallacht lena ngabhall leibhéal iogaireachta measartha íseal i dtaca le cúrsai talmhaíochta de.

## Roinn 2

Laistigh de Roinn 2, tá iogaireacht íseal/mheánach ag baint leis an timpeallacht talmhaíochta. Is í Rogha Dearg 2 an rogha is mó fabhar agus is í Rogha Glas 2 an rogha is lú fabhar.



## Roinn 3

Laistigh de Roinn 3, tá iogaireacht íseal/mheánach ag baint leis an timpeallacht talmhaíochta. Is iad Roghanna Dearg 2, Oráiste 2 agus Buí 2 na roghanna is mó fabhar agus is í Rogha Glas 2 an rogha is lú fabhar.

Tá achoimre ar na measúnachtaí sin le fáil sna maitrísi i **Roinn 4.6.13** thíos.

## 4.6.8 Sócmhainní Ábharacha - Neamhthalmhaíocht

Mar chuid den mheasúnacht ar shócmhainní ábharacha-neamhthalmhaíochta, áirítear measúnacht ar thionchair ar mhaoin chónaitheach, ar thionchair ar mhaoin tráchtála agus tionscail, agus ar thionchair ar bhonneagar fóntas/soláthróirí seirbhíse, idir phoiblí agus phríobháideach.

Chun measúnacht a dhéanamh ar thionchair dhíreacha ar mhaoin, measadh gurbh é a bhí i rian gach ceann ar leith de na roghanna maidir le bealach ná na tailte go léir a bhí ag teastáil chun a bhí beartaithe a thíogáil móide limistéar breise ó imeall na n-oibreacha créafóige, ar limistéar é ar a dtugtar crios maolánach agus ar laistigh de a bhíonn slí ann do dhraenáil agus do raoin rochtana má tá cothabháil le déanamh.

Tar éis anailís a dhéanamh, bhí na tionchair ar bhonneagar na bhfóntas an-íseal i gcomparáid leis an tionchar ar mhaoin chónaitheach agus tráchtála. Dá bhrí sin, bhí rangú na roghanna maidir le bealach bunaithe ar an measúnacht ar an tionchar ar mhaoin.

## Roinn 1

Laistigh de Roinn 1, is í Rogha Buí 2 an rogha is mó fabhar de bharr líon na dtionchar díreach a bhí níos ísele go mór ná mar a bhí i gcás na roghanna go léir eile. Tá 15 teach cónaithe breise le fáil go hiomlán faoi Rogha Glas 2 agus meastar gurb í sin an rogha is lú fabhar.

## Roinn 2

Laistigh de Roinn 2, tá tionchar suntasach ag na roghanna a théann trí cheantair uirbeacha ar thithe cónaitheacha. Is iad Roghanna Bán-dearg 2 agus Oráiste 2 na roghanna is mó fabhar agus is í Rogha Buí 2 an rogha is lú fabhar, agus tá na tionchair a bhaineann le Rogha Buí 2 níos mó ná dhá oiread níos mó na na cinn a bhaineann leis an rogha is mó fabhar.

## Roinn 3

Laistigh de Roinn 3, is lú an líon tithe cónaitheacha atá ann sna limistéir ina bhfuil bonneagar bóthair cheana féin. Dá bhrí sin, is í Rogha Bán-dearg 2 an rogha is mó fabhar ós rud é gur leis an rogha sin a bhaineann an leibhéal is ísele ó thaobh fáil maoine de.

Tá achoimre ar na measúnachtaí sin le fáil sna maitrísi i **Roinn 4.6.13** thíos.

#### 4.6.9 Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid

Fuarthas na sonraí bunlíné maidir le cáilíocht an aeir ó shonraí de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC); baineadh úsáid as na sonraí sin chun cur síos a dhéanamh ar dháláí áitiúla i ndáil le cáilíocht an aeir laistigh de limistéar staidéir na scéime a mhéid a bhaineann le dé-ocsaíd nítrigine (NO<sub>2</sub>) agus ábhar cáithníneach (PM<sub>10</sub>). Dá bhrí sin, baineann an mheasúnacht ar cháilíocht an aeir le breithniú a dhéanamh ar na tionchair atá ag gach ceann ar leith de na roghanna maidir le bealach ar roinnt suíomh ina bhfuil gabhdóirí íogaireacha agus atá suite laistigh de 50 ón gcarrbhealach i gcás gach naisc bóthair a dtiocfadh méadú suntasach ar astaíochtaí ó thrácht orthu i.e. 10% nó níos mó.

Is é atá sa sainmhíniú ar shuímh ina bhfuil gabhdóirí íogaireacha ná tithíocht chónaitheach, scoileanna, ospidéil, ionaid adhartha, lárionaid spóirt agus limistéir shiopadóireachta i.e. suímh ar dóigh ina leith go mbeidh daoine iontú ar bhonn rialta. Is gabhdóirí íogaireacha iad freisin gnáthóga ainmnithe.

Ós rud é go bhfuil gabhdóirí íogaireacha ann in áiteanna atá an-ghar do na roghanna maidir le bealach, is gá an cion truailleán a réamh-mheas. Déantar an cion dé-ocsaíd nítrigine agus an cion PM<sub>10</sub> atá ann ag roinnt suíomh ina bhfuil gabhdóirí a ríomh don blхиain oscailte. Ina dhiaidh sin, déantar luachanna réamh-mheasta a chur leis na leibhéal cúlra a bheidh ann amach anseo chun tionchair charnacha a chinneadh agus cuirtear na tortháí i gcomparáid le caighdeáin cháilíochta aeir. Nuair a chuirtear na leibhéal iomlána sin i gcomparáid leis na caighdeáin cháilíochta aeir, tá na tortháí réamh-mheasta go léir i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta aeir do NO<sub>2</sub> agus PM<sub>10</sub>.

Ó thaobh na cáilíochta aeir agus na haeráide de, is é atá sa rogha maidir le bealach is mó fabhar ná an rogha ag a bhfuil



an t-innéacs is ísele NOx agus PM<sub>10</sub>, agus is é atá sa togha is lú fabhar ná an rogha ag a bhfuil an t-innéacs is airde NOx agus PM<sub>10</sub>.

#### Roinn 1

Maidir le Roinn 1, is iad na roghanna maidir le bealach is mó fabhar, ó thaobh cháilíochta an aeir agus na haeráide de, Roghanna Dearg 2, Oráiste 2 agus Buí 2, gan ach difríocht an-bheag a bheith ann idir an t-innéacs NOx agus PM<sub>10</sub> i gcás na dtrí rogha sin.

#### Roinn 2

Maidir le Roinn 2, is iad na roghanna maidir le bealach is mó fabhar, ó thaobh cháilíochta an aeir agus na haeráide de, Roghanna Buí 2, Gorm 2 agus Bándezar 2, gan ach difríocht an-bheag a bheith ann arís idir an t-innéacs NOx agus PM<sub>10</sub> i gcás na roghanna sin.

Tá achoimre ar na measúnachtaí sin le fáil sna mairtírí i Roinn 4.6.13 thíos.

#### 4.6.10 Torann agus Creathadh

I dtaca le torann oibríochta de, socraíonn treoirlínte an Údarás um Bóithre Náisiúnta an sprioc dhearthóireachta d'Éirinn agus leagann siad amach cur chuige struchtúrtha ar ceart é a chur i bhfeidhm chun maolú a dhéanamh, a mhéid is indéanta, ar thorann ó thrácht trí bhreithniú a dhéanamh maidir le bearta maolúcháin.

Rinneadh múnla 3D de limistéir staidéir na scéime a fhorbairt trí úsáid a bhaint as léarscáilíochta chomhriain talún agus as léarscáilíochta na Suirbhéireachta Ordanáis. Rinneadh múnla



3D de gach ceann ar leith de na roghanna maidir le bealach a fhorbairt, agus iad bunaithe ar an ailíniú cothrománach agus ingearach. Ríomhadh greille chomhriain torainn i gcomhair gach rogha ar leith maidir le bealach, agus aird á tabhairt ar na méideanna tráchta, ar luais agus ar fhachtóirí eile a dhéanann difear do scaipeadh fuaime. Rinneadh an lín airíonna torann-fogaire a bhí faoi bhun chomhriain torainn na sprice dearthóireachta a chinneadh ón ngreille chomhriain torainn. Sa deireadh, rinneadh na roghanna maidir le bóthar ar cinneadh an tionchar foriomlán is lú a bheith acu ar an timpeallacht thart orthu a rangú in ord tosaíochta.

## Roinn 1


Tríd is tríd, is iad na roghanna is mó fabhar i Roinn 1. Roghanna Dearg 2 agus Oráiste 2 agus is iad na roghanna is lú fabhar Roghanna Gorm 2, Bándearg 2 agus Glas 2.

## Roinn 2

I Roinn 2, is í an rogha is mó fabhar Rogha Bándearg 2 agus is iad na roghanna is lú fabhar Roghanna Dearg 2, Oráiste 2, Buí 2 agus Glas 2.

## Roinn 3

I Roinn 3, is í an rogha is mó fabhar Rogha Bándearg 2 agus tá na roghanna go léir eile á rangú mar roghanna idirmheánacha. Tá achoimre ar na measúnachtaí sin le fáil sna maitrísi i **Roinn 4.6.13** thíos.



Figiúr 13 Rogha Bealaí Roghnaithe le úsáid talún

## 4.6.11 Daoine

De ghnáth, bíonn ceithre chatagóir ann i gcás tionchar ar dhaoine mar thoradh ar fhorbairt bóthair, is é sin le rá:

- Saintréithe turais, rochtain agus nascacht i.e. tionchair ionchasacha ar am turais, ar iontaofacht ama turais agus ar phástrúin taistil, lena n-áirítear rochtain agus nascacht;
- Teorannú soghluaiseachta pobail, i dtaca le húsáid saoráidí pobail, go háirithe saoráidí a úsáideann daoine scothaosta, leanaí nó grúpaí leochaileacha eile. Áiríonn an chatagóir seo teorannú nua soghluaiseachta agus faoiseamh ó theorannú soghluaiseachta;
- Taitneamhachtaí i.e. tionchair ar leas daoine aonair agus pobail de bharr thionchair thimpeallachta an tráchta (e.g. sábháilteach, torann, salachar, cur isteach ar radhairc agus cálíocht an aeir); agus
- Tionchair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don ionchas maidir le fás eacnamaíochta agus don fhostaíocht.

Is féidir tionchair dhearfacha agus tionchair dhiúltacha a bheith ann ag brath ar scála an tionchair, ar an gcineál timpeallachta a ndéantar difear dó, ar an lín daoine a ndéantar difear dóibh, ar an bhfad ama a mhaireann an tionchar agus ar an ionchas go dtarlóidh tionchar, gan trácht ar nithe eile.

I gcoitinne, bíonn an mheasúnacht sírithe ar thionchair ar leibhéal an phobail seachas ar leibhéal an duine aonair nó ar leibhéal maoine inaitheanta, cé go ndéantar tionchair i gcás gnótháir ar leithligh a bhreithniú i gcás iad a bheith suite in aice le rogha maidir le bealach nó i gcás iad a bheith an-spleách ar thrácht bóthair nó ar rochtain.

Is féidir an roinn seo a léamh in éineacht le Sócmhainní Ábharacha-Neamhthalmhaíocht ina bhfuil mionsonraí faoi mhaoin chónaitheach agus, ina theannta sin, faoi shriantachtaí i dtaca le teaghaisí ar leithligh de. Chomh maith leis sin, díríonn na ranna a bhaineann le Cáilíocht an Aer agus an Aeráid agus le Torann agus Creathadh ar shriantachtaí i dtaca le daoine de. In Tírdhreach agus Radharcra, áirítear mionsonraí freisin faoi shriantachtaí a bhaineann le taitneamhachaí atá ag daoine aonair.

Díríonn an roinn seo den tuarascáil ar na tionchair a ghabhann le saintréithe turais, teorannú soghluaisteachta pobail, taitneamhachaí agus cúrsaí eacnamaíochta sna trí ranna den mheasúnacht ar roghanna.

## Roinn 1

Is í Rogha Buí 2 an rogha maidir le bealach is mó fabhar i Roinn 1. Is iad Roghanna Dearg 2 agus Oráiste 2 na roghanna is lú fabhar i dtaca le tionchair socheacnamaíochta agus tionchair ar dhaoine de.

## Roinn 2

I Roinn 2, tá roinnt príomhthionchair ann a ngabhann ardsuntas leo i ndáil le leas daoine. I gcás Rogha Glas 2, tá trí thionchar shuntasacha de chineál teorannaithe agus taitneamhacha, ar tionchair iad a bhaineann leis na pobail sa Bhealach, i mBaile an Dúlaigh agus, go háirithe, i Mionlach. I gcás Rogha Gorm 2, tá tionchair shuntasacha ann maidir le teorannú soghluaisteachta sa Daingean Uachtarach, i dtrásnú Shaoráidí Áineasa Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG) agus ag Ráschúrsa na Gaillimhe. I gcomparáid leis sin, is lú an tionchar atá ag ailníú Rogha Bándearg 2 ar na saoráidí áineasa agus ar na háitribh thráchtála, ach tá

Tábla 4.6.13.1 Maitris na hAchoimre Timpeallachta – Roinn 1

Route Options An Rogha maidir le Bealach	Éiceolaíocht*	Ithreacha & Geolaíocht	Hidrigeolaíocht	Hidreolaíocht	Tírdhreach & Radharcra*	Seandálaíocht & Oidhreacht	Sócmhainní Ábharacha – Talmhaiocht	Sócmhainní Ábharacha – Neamhthalmhaíocht*	Aer & Aeráid	Torann & Creatadh	Daíone*	Pleanáil	Rangú Foriomlán
<b>Dearg 2</b>	P	I	LP	P	LP	P	P	LP	P	P	LP	LP	LP
<b>Oráiste 2</b>	P	P	I	P	LP	P	P	LP	P	P	LP	LP	LP
<b>Buí 2</b>	LP	I	LP	I	P	I	I	P	P	I	P	P	P
<b>Gorm 2</b>	I	P	LP	I	LP	I	I	I	LP	LP	I	LP	I
<b>Bándearg 2</b>	I	I	P	LP	I	I	I	I	LP	LP	I	LP	I
<b>Glas 2</b>	LP	LP	I	I	LP	I	LP	LP	I	LP	I	P	LP

Nóta: P (cló trom agus líne faoi) = Is Mó Fabhar, I = Idirmheánach, LP = Is Lú Fabhar

tionchar coibhneasta níos mó aici ar mhaoin chónaitheach sa Daingean cé go seachnaítear tionchar direach ar an rásrian ag Ráschúrsa na Gaillimhe. Is ag an nasc leis an N59 a sholáthraíonn Rogha Oráiste 2 atá an tionchar is lú i measc na roghanna maidir le nasc a breithníodh.

Seolann Rogha Dearg 2 an scéim tríd an gcathair. Tá tairbhí féideartha ann maidir le sreabhadh tráchta agus faoiseamh ó theorannú soghluaisteachta i suímh lena ngabhann tionchair dhochracha shuntasacha cheana fén ar an bpobal áitiúil de bharr an bhóthair atá ann faoi láthair. Ach bainfí amach aon ghnóchain mar thoradh ar líon mór scartálacha agus ar thréimhse fhada tógála ar lena linn a tharlóidh tionchair an-suntsasach i dtaca le teorannú soghluaisteachta agus taitneamhachaí de.

I Roinn 2, seo a leanas an t-ord tosaíochta: Oráiste 2, Bándearg 2, Gorm 2, Buí 2, Glas 2 agus Dearg 2. Tá achoimre ar na measúnachtaí sin le fáil sna maitrísi i Roinn 4.6.13 thíos.

## 4.6.12 Pleanáil

Díríonn measúnacht an bheartais pleanála ar bheartas pleanála na cathrach agus an chontae agus ar an tstí i na mbainéann an bheartas sin leis na roghanna maidir le bealach. Sna bheartais agus sna cuspóirí atá ann i bPleananna Forbartha na Cathrach agus an Chontae, féachtar le feabhas a chur ar an timpeallacht nádúrthá agus ar an timpeallacht fhoirgnithe araon, le leanúint d'fheabhas a chur ar iomaíochas eacnamaíochta, agus le córas comhtháite úsáide talún agus iompair inbhuanaithe a chur ar fáil.

Féachann Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe, mar atá beartaithe, le déileáil leis na cuspóirí leathana beartais atá ann i bPleananna an Chontae agus na Cathrach agus féachann na sé rogha maidir le bealach atá beartaithe le cothromáiocht a bhaint amach idir cuspóirí leathana an chontae agus na cathrach, ar thaobh amháin, agus cuspóirí áitiúla, ar an taobh eile. Soláthraíonn gach ceann de na roghanna maidir le bealach an cumas chun feabhas a chur ar an mbonneagar iompair phoiblí trí dheireadh a chur le tréthrácht ar ghréasán sráideanna na cathrach, trí fheabhsúcháin ar iompair poiblí agus sa réimse poiblí a éascú, agus trí athrú modhanna iompair go hiompar poiblí agus go modhanna eile iompair i bhfeithicli neamhphríobháideacha, amhail siúl agus rothaíocht, a éascú i gcomhréir le beartas Rialtais agus le beartas áitiúil.

Tábla 4.6.13.2 Maitrí斯 na hAchoimre Timpeallachta – Roinn 2

An Rogha maidir le Bealach	Éiceolaíocht*	Ithreacha & Geolaíocht	Hidrigeolaíocht	Hidreolaíocht	Tirdhreach & Radharcrá *	Seandálaíocht & Oidhreacht	Sócmhainní Ábharacha – Talmhaíocht	Sócmhainní Ábharacha – Neamhthalmhaíocht*	Aer & Aeráid	Torann & Creathadh	Daoine *	Pleanáil	Rangú Foriomlán
<b>Dearg 2</b>	P	LP	P	I	LP	LP	P	LP	LP	LP	LP	LP	LP
<b>Oráiste 2</b>	P	LP	I	P	P	P	I	P	LP	LP	P	LP	P
<b>Buí 2</b>	LP	I	I	I/LP	LP	I	I	LP	P	LP	LP	LP	LP
<b>Gorm 2</b>	I	I	LP	I	LP	I	LP	I	P	I	I	LP	I
<b>Bándearg 2</b>	I	I	LP	I	I	I	LP	P	P	P	I	P	P
<b>Glas 2</b>	LP	P	I	I	LP	LP	LP	I	I	LP	LP	LP	LP

Nóta: P (cló trom agus líne faoi) = Is Mó Fabhar, I = Idirmheánach, LP = Is Lú Fabhar

Tábla 4.6.13.2 Maitrí斯 na hAchoimre Timpeallachta – Roinn 2

An Rogha maidir le Bealach	Éiceolaíocht*	Hidrigeolaíocht	Hidreolaíocht	Tirdhreach & Radharcrá *	Seandálaíocht & Oidhreacht	Sócmhainní Ábharacha – Talmhaíocht	Sócmhainní Ábharacha – Neamhthalmhaíocht*	Aer & Aeráid	Torann & Creathadh	Daoine *	Pleanáil	Rangú Foriomlán
<b>Dearg 2</b>	P	I	I	I	LP	P	P	LP	LP	I	I	LP
<b>Oráiste 2</b>	P	I	I	I	LP	P	P	LP	LP	I	I	LP
<b>Buí 2</b>	P	I	I	I	LP	P	P	LP	LP	I	I	LP
<b>Gorm 2</b>	P	I	I	I	LP	P	LP	I	LP	I	I	LP
<b>Bándearg 2</b>	LP	P	LP	LP	P	LP	LP	P	I	P	I	P
<b>Glas 2</b>	LP	P	I	P	I	LP	LP	I	P	I	I	LP

Nóta: P (cló trom agus líne faoi) = Is Mó Fabhar, I = Idirmheánach, LP = Is Lú Fabhar

De bhaéis air sin, éascóidh gach ceann de na roghanna maidir le bealach soláthar baile nua mar atá beartaithe sna hArdáin (Gaillimh thoir) de réir chuspóirí Phlean Forbartha na Cathrach agus an Chontae. Déanfar athghiniúint príomhbhunachar talún i lár na cathrach, lena n-áirítear talamh ag Stáisiún Cheannt agus ag an gcalafort, a éascú freisin trí laghdú a dhéanamh ar an mbrú tráchta ar ghréasán sráideanna na cathrach, rud a fhágfaidh gur tarraingtí iad a athghiniúint ó thaobh thógáil cathrach de agus, ar an dóigh sin, beifear in ann cuspóir na cathrach a bhaint amach a mhéid a bhaineann le comhchlúthú cathrach agus meascán láidir úsáide talún i lár na cathrach.

Féachann na roghanna maidir le bealach atá beartaithe le cuspóirí leathana pleanála a bhaint amach agus le cuspóirí de chineál náisiúnta, réigiúnach, contae, cathrach agus áitiúil a shaothrú, agus tionchair á n-íoslaghdú i gcás inar féidir sin, chun réiteach foriomlán iompair a bhaint amach do Mhórlimistéar Cathrach na Gaillimhe.

## Roinn 1

Is iad Roghanna Buí 2 agus Glas 2 na roghanna is mó fabhar i Roinn 1, de bharr na tairbhe a ghabhann le nascadh a dhéanamh leis an R336 in ionad níos faide siar, siar ó shráidbháile Bhearna agus, dá bhrí sin, iomláine an tsráidbháile, agus a cheangal le Cathair na Gaillimhe, á hurramú go mór.

## Roinn 2

Is é Rogha Bándezarg 2 an rogha is mó fabhar i Roinn 2. Tá sé de thairbhe ag Rogha Bándezarg 2 go síneann sí rud beag níos faide ó phríomhcheantar foirgnithe na cathrach agus, dá bhrí sin, iomláine na cathrach fén á cosaint go feadh méid mhóir, agus an bonneagar á sholáthar chun struchtúr níos dlúithe a chruthú don chathair. Baineann bealach léi a shíneann ó thuaidh ón rásrian ag Ráschúrsa na Gaillimhe, níos faide ó thuaidh ó OÉG ná mar a dhéanann Roghanna Buí 2 agus Gorm 2, agus ó dheas ó Mhionlach/ó Chaisleán & ó Dhiméin Mhionlaigh.

## Roinn 3

Is í Rogha Bándezarg 2 an rogha is mó fabhar i Roinn 3 de bharr an cheangail, ag céim luath, leis an mbonneagar bóthair atá ann faoi láthair ar an taobh thoir ag an N6, agus de bharr an tionchair íoslaghdaithe ar iomláine Chúil Each-Chnoc Mhaoil Drise agus de bharr a cumais chun fónamh don bhaile atá beartaithe amach anseo sna hArdáin. Tá achoimre ar na measúnachaí sin le fáil sna maitrísí i **Roinn 4.6.13** thíos

## 4.6.13 Maitrís na hAchoimre Timpeallachta

Tá achoimre fhoriomlán ar na ranguithe i leith gach ceann ar leith de na measúnachaí timpeallachta i gcás gach ceann de na trí roinn le fáil i **dTáblaí 4.6.13.1 go 4.6.13.3** thíos. Is í Rogha Buí 2 an rogha is mó fabhar do Roinn 1 ós rud é gur aici atá an lín is lú ranguithe is lú fabhar agus gur ghnóthaigh sí rangú is mó fabhar i dtrí cinn de na príomhdhisciplíní timpeallachta a thaispeántar i gcló iodálach.

Ba iad Roghanna Oráiste 2 agus Bándezarg 2 na roghanna is mó fabhar do Roinn 2. Is ag Rogha Oráiste 2 atá an lín is mó ranguithe is mó fabhar (sé cinn) agus tá dhá rangú idirmheánacha agus ceithre rangú is lú fabhar aici. Cé go bhfuil ceithre rangú is lú fabhar ag Rogha Oráiste 2, níor bhain aon cheann díobh sin le príomhdhisciplíní timpeallachta. Tá an dara lín is airde ranguithe is mó fabhar (ceithre cinn) ag Rogha Bándezarg 2, chomh maith le sé rangú idirmheánacha agus dhá rangú is lú fabhar. Is ag an Rogha Bándezarg 2 atá an lín is ísle ranguithe is lú fabhar agus na disciplíní timpeallachta go léir á gcur san áireamh.

Is í Rogha Bándezarg 2 an rogha is mó fabhar i gcás Roinn 3. Tá lín comhchosúil ranguithe is mó fabhar, idirmheánacha agus is lú fabhar ag gach ceann de na roghanna maidir le bealach ach is ag Rogha Bándezarg 2 atá an lín is mó ranguithe is mó fabhar (ceithre cinn). Agus an lín roghanna maidir le bealach is mó fabhar á chur san áireamh i gcás na bpriomhdhisciplíní timpeallachta, is ag Rogha Bándezarg 2 atá an lín is airde ranguithe is mó fabhar.

## 4.6.14 Nasc leis an N59

Rinneadh athbhreithniú ar na sriantachaí agus ar na tionchair ionchasacha a ghabhann leis na roghanna maidir le nasc leis an N59 a chur i gcrích chun an nasc is fearr leis an N59 a roghnú. Tá trí rogha ann maidir le nascadh an N59 leis an bpriomhlíne nuair atá an phriomhlíne suite amach ón N59:

- Nasc Oráiste2 leis an N59;
- Nasc Buí 2 leis an N59/Nasc Bándezarg 2 leis an N59; agus
- Nasc Gorm 2 leis an N59.

Is iad na príomhdhifríochtaí idir na roghanna maidir le nasc na suímh ina bhfuil an ceangal ar an N59. Imríonn na roghanna éagsúla maidir le nasc tionchar, go feadh méideanna éagsúla, ar phobail, ar bhóithre áitiúla agus ar rochtain phríobháideach. Cuireadh measúnacht innealtóireachta i gcrích agus léirigh sé sin gurb é Nasc Oráiste 2 leis an N59 an nasc is giorra agus is lú idirghníomhafocht leis an nasc agus léirigh sé sin gurb é Nasc Oráiste 2 leis an N59 an nasc is giorra agus is lú idirghníomhafocht leis an nasc agus léirigh sé sin gurb é Nasc Oráiste 2 leis an N59.

Rinneadh measúnacht timpeallachta freisin maidir leis an Nasc leis an N59 agus ba é a bhí sna príomhrudaí a breithníodh ná daoine agus sócmhainní ábharacha neamhthalmhaíochta.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na measúnachaí innealtóireachta agus timpeallachta ar an Nasc leis an N59, is é Nasc Oráiste 2 leis an N59 an rogha is mó fabhar go foriomlán.

## 4.7 Measúnú Achromair

Rinneadh measúnú tionscadail ar Roghanna Chéim 2 agus úsáid á baint as an maitrís mheasúnaithe tionscadail (ina gcuimsítear na 5 Chritéar Choiteanna Measúnaithe, is é sin, Barainneacht, Sábháilteacht, Timpeallacht, Rochtaín agus Uilechuimsitheacht Shóisialta agus Comhtháthú). Tá maitrís ann anseo maidir leis an measúnú tionscadail i leith gach ceann ar leith de na trí roinn. Is ionann líne theorann Chathair na Gaillimhe agus an bhrislíne mheasúnachta idir Roinn 1 agus Roinn 2, ós rud é gurb é seo an pointe ina dtagann roghanna maidir le bealach le chéile agus ina dtagann sé chun bheith indéanta malartú a dhéanamh idir roghanna maidir le bealach.

Tá brislíne bhereise ag an gceangal leis an N6 ag Cnoc Mhaoil Drise-Cúil Each san áireamh d'fhoinn comparáid a dhéanamh idir leagan amach an acomhail ag ceangal an N6 do mheasúnú Céim 2. Tagraítear don roinn seo mar Roinn 3.

Tábla 4.7.1 Measúnú Tionscadail – Roinn 1

An Rogha maidir le Bealach	Barainneacht	Sábháilteacht	Timpeallacht	Rochtaín	Comhtháthú	Foriomlán
<b>Dearg 2</b>	-	Comhchosúil	LP	Comhchosúil	Comhchosúil	LP
<b>Oráiste 2</b>	-	Comhchosúil	LP	Comhchosúil	Comhchosúil	LP
<b>Buí 2</b>	-	Comhchosúil	P	Comhchosúil	Comhchosúil	P
<b>Gorm 2</b>	-	Comhchosúil	I	Comhchosúil	Comhchosúil	I
<b>Bándearg 2</b>	-	Comhchosúil	I	Comhchosúil	Comhchosúil	I
<b>Glas 2</b>	-	Comhchosúil	LP	Comhchosúil	Comhchosúil	LP

Rinneadh analís costais is tairbhe maidir le gach rogha ina hionnláine agus bhí sin mar fhaisnéis ag an rangúchán foriomlán faoin teideal Barainneacht. De bharr nach raibh tionchar ag na critéir barainneachta ar an mbealach a roghnú do Roinn 1 agus do Roinn 3, tá siad tugtha i Roinn 2 amháin, ní i Roinn 1 nó 3.

I dTábla 4.7.2 thíos, léirítear an measúnú tionscadail i ndáil leis na roghanna maidir le bealach i Roinn 2. Síneann Roinn 2 ó theorainn Chathair na Gaillimhe go dtí an N6 láithreach ar an taobh thoir den chathair.

Tábla 4.7.2 Measúnú Tionscadail – Roinn 2

An Rogha maidir le Bealach	Barainneacht	Sábháilteacht	Timpeallacht	Rochtaín	Comhtháthú	Foriomlán
<b>Dearg 2</b>	I	Comhchosúil	LP	Comhchosúil	Comhchosúil	LP
<b>Oráiste 2</b>	LP	Comhchosúil	P	Comhchosúil	Comhchosúil	LP
<b>Buí 2</b>	P	Comhchosúil	LP	Comhchosúil	Comhchosúil	LP
<b>Gorm 2</b>	P	Comhchosúil	I	Comhchosúil	Comhchosúil	I
<b>Bándearg 2</b>	P	Comhchosúil	P	Comhchosúil	Comhchosúil	P
<b>Glas 2</b>	P	Comhchosúil	LP	Comhchosúil	Comhchosúil	LP

Nóta: P = Is Mó Fabhar, I = Idirmheánach, LP = Is Lú Fabhar

I dTábla 4.7.3 thíos, léirítear an measúnú tionscadail i ndáil leis an roghanna maidir le bealach i Roinn 3. Tá brislíne bhreise ag ceangal an N6 i gCúil Each á hionchorprú chun comparáid a dhéanamh, i gcás mheasúnacht Chéim 2, idir leaganacha amach acomhal ag ceangal an N6. Gairtear Roinn 3 den roinn sin.

Tábla 4.7.3 Measúnú Tionscadail – Roinn 3

An Rogha maidir le Bealach	Barainneacht	Sábháil-teacht	Timpeallacht	Rochtain	Comhtháthú	Foriomlán
<b>Dearg 2</b>	-	Comhchosúil	I	Comhchosúil	Comhchosúil	I
<b>Oráiste 2</b>	-	Comhchosúil	I	Comhchosúil	Comhchosúil	I
<b>Buí 2</b>	-	Comhchosúil	I	Comhchosúil	Comhchosúil	I
<b>Gorm 2</b>	-	Comhchosúil	I	Comhchosúil	Comhchosúil	I
<b>Bándezarg 2</b>	-	Comhchosúil	P	Comhchosúil	Comhchosúil	P
<b>Glas 2</b>	-	Comhchosúil	I	Comhchosúil	Comhchosúil	I

Nóta: P = Is Mó Fabhar, I = Idirmheánach, LP = Is Lú Fabhar

#### 4.7.2 Comparáid idir péirí – Roinn 2

Rinneadh fabht-anailís ar gach rogha maidir le bealach i Roinn 2 mar shásra amháin chun measúnacht chainníochtúil a dhéanamh ar Roghanna Chéim 2, ar measúnacht í a bhféadfaí úsáid a bhaint aisti ina dhaidh sin chun an rangú measúnachta i leith gach rogha maidir le bealach agus an próiseas roghnóireachta a tháistíl. Rinneadh gach rogha maidir le bealach trí Roinn 2 a athbhreithníu, ceann i ndiaidh an chinn eile, agus sainaithníodh na fabhtanna is criticíula a bhain le gach disciplín ar leith. Cuireadh athrú ó Rogha Glas 2 go Rogha Gorm 2 sa chomparáid idir péirí freisin. Chuir an ‘Rogha Athraithe Glas 2 – Gorm 2’ seo rogha eile ar fáil ina raibh Rogha Glas 2 ón R336 go dtí pointe trasnaithe Abhainn na Gaillimhe, agus an pointe sin san áireamh. Ceanglaíodh ansin le Rogha Gorm 2 sula ndeachaigh sí isteach i gCairéal Leacaigh agus a lean bealach Rogha Gorm 2 chuig an N6 atá ann anois. Tagraítear don rogha seo mar an ‘Rogha Athraithe Glas 2 – Gorm 2’.

Ba é a bhí sa chomhdhearcadh a d’éisigh as an measúnacht chomparáideach sin ná nach roghanna féideartha trí Roinn 2 iad Roghanna Dearg 2, Buí 2 agus Oráiste 2 sa mhéid nach féidir iad a chur i gcrích ná a bhaint amach de bharr fabhtanna a sainaithníodh. Mar an gceanna, ós rud é nach dóigh go ndéanfaidh maolúchán, trí sheachaint a chur i bhfeidhm, feabhas a chur ar na roghanna sin maidir le bealach, níor cuireadh na roghanna sin san áireamh sa chomparáid idir péirí. Rinneadh anailís ar chomparáid idir péirí a chur i gcrích i ndáil leis na roghanna eile maidir le bealach trí Roinn 2 agus, mar thoradh ar an gcomparáid sin idir péirí, bailíochtaíodh próiseas na maitríse measúnaithe tionscadail - is í Rogha Bándezarg 2 an rogha is mó fabhar i Roinn 2.

#### 4.8 An Chonair Bhealaigh is mó fabhar atá ag teacht chun cinn

Tar éis an measúnú tionscadail atá leagtha amach thusa a chur i gcrích, rinneadh an chonair bhealaigh is dealraithí a roghnófar a fhobairt mar chumasc roghanna eagsúla bealaigh thar dhá roinn, is é sin le rá, an R336 go dtí teorainn Chathair na Gaillimhe agus teorainn Chathair na Gaillimhe go dtí an N6.

Is é atá sa rogha is mó fabhar do Roinn 1 ná Rogha Buí 2/ Glas 2/Bándezarg 2 agus, i gcás Roinn 2, is é atá sa rogha is mó fabhar ná Rogha Bándezarg 2. Tá an Nasc leis an N59 atá bainteach le Rogha Oráiste 2 níos fabhraí ná Rogha Bándezarg 2 ós rud é gur lú an tionchar atá aici ar mhaoin chónaitheach agus is fearr í freisin i dtaca le cúrsaí tráchtá de. Gairtear Rogha Mharúin ar an rogha seo arb í an rogha í atá ag teacht chun bheith ina rogha is dealraithí a roghnófar.

Dá bhí sin, is ionann an Rogha Mharúin agus Rogha Buí 2/ Glas 2 thar an gcuid tosaigh de Roinn 1, ag dul i gceangal le Rogha Bándezarg 2 ag Barr hAille agus ag leanúint chonair Rogha Bándezarg 2 go dtí a foircéann ag an N6 i gCúil Each, gan an Nasc leis an N59 a áireamh. Cuimseoidh an Nasc leis an N59 an nasc atá ann i Rogha Oráiste 2, ach modhnú beag i gceist chun gur féidir dul i gceangal le Rogha Bándezarg 2.

Déantar an Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar a leagan amach i bhFíor 14.



# 5 5 An Chonair Bhealaigh is mó fabhar

## 5.1 Taispeántas Poiblí Uimh. 3

Seoladh Taispeántas Poiblí Uimh. 3 ar an 25 agus ar an 26 Bealtaine 2015 in Óstán Menlo Park, Gaillimh, agus in Óstán Westwood, Gaillimh, faoi seach. Tá an Chonair Bhealaigh is Mó Fabhar atá ag teacht chun cinn a cuireadh ar taispeánt ag Comhairliúchán Poiblí Uimh. 3 le feiceáil i bhFíor 14.

Ina theannta sin, chuaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, i gcomhairle leis an bpobal thar an tréimhse dhá lá sin maidir leis na mionsonraí a bhaineann leis an gClár Comhtháite Bainistithe Iompair (CCBI).

Bhí an cur i láthair compháirteach agus an comhairliúchán an-fhiúntach ós rud é go bhfuil gá le comhchuid bhóthair, an chonair bhealaigh is mó fabhar de chuid Thionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe a ghlacadh mar an chonair is fearr is féidir i gcomhair bonneagair breise bóthair a chomhlíonann na cuspóirí; agus

## 5.2 Moladh

Is iad seo a leanas na moltaí a eiríonn as an Tuarascáil seo maidir le Roghnú Bealaigh:

- Ós rud é go bhfuil gá le comhchuid bhóthair, an chonair bhealaigh is mó fabhar de chuid Thionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe a ghlacadh mar an chonair is fearr is féidir i gcomhair bonneagair breise bóthair a chomhlíonann na cuspóirí; agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid an tsoláthair bonneagair bóthair atá riachtanach laistigh den chonair bhealaigh seo is mó fabhar agus, chomh maith leis sin, ar an gclár leathan comhtháite iompair do Ghaillimh, ar athbhreithniú é ina sainaithneofar leibhéal na gceanglas seirbhísé do gach modh iompair ar leith, lena n-áirítear siúl, rothaíocht, iompar poiblí agus feithicli príobháideacha.

Mar thoradh ar na próisis chomhthreomhara a bhaineann le sainaithint conaire bealaigh is mó fabhar don chomhchuid bhóthair agus le sainaithint an tsoláthair seirbhísé uasta i gcás modhanna eile iompair, cinnteofar go soláthrófar réiteach iompair inbhuanaithe chun freastal ar riachtanais láithreacha na Gaillimhe agus ar riachtanais na Gaillimhe amach anseo a mhéid a bhaineann le cúrsáil taistil.

Leanfar den obair trí Chéim 3 chun tuilleadh mínsagtha a dhéanamh ar an dearadh laistigh den chonair bhealaigh is mó fabhar chun íoslaghdú a dhéanamh a thionchar na dtograí ar an timpeallacht glactha.



Fíjúr 14 An Chonair Bhealaigh is Dealraithe a Roghnófar

